



18:00:43 ARDAN PLAT. 2
 1 Howth



TUARASCÁIL
BHLIANTÚIL
2012




Clár Ábhar

Ráiteas an Chathaoirligh	3
Athbhreithniú ar Oibríochtaí	5
Struchtúr an Ghrúpa	17
Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa	18
Eolas faoi Bhord Chóras Iompair Éireann.....	20
Ráiteas ar Rialachas Corparáideach.....	25
Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird.....	28
Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.....	29
Príomhbheartais Chuntasaíochta.....	31
Cuntas Comhdhlúite Brabúis agus Cailteanais.....	34
Ráiteas ar Ghnóthachain agus ar Chailteanais Iomlána Aitheanta	35
Clár Comhardaithe Comhdhlúite	36
Clár Comhardaithe na Cuideachta.....	37
Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid.....	38
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	39

Is mian le Córas Iompair Éireann a bhuíochas a chur in iúl le Rialtas na hÉireann as an maoiniú le haghaidh tionscadail mhóra faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 agus leis an Aontas Eorpach as an gcómhaoiniú.



A photograph of three people sitting on a train. A woman with long dark hair is smiling broadly and holding a coffee cup. To her left, a woman with blonde hair is looking towards her. To her right, a man with short brown hair is also smiling. The train interior is visible, with blue seats and windows showing a blurred green landscape outside.

In 2012, lean gach cuideachta oibríoch ar aghaidh ag obair le hacmhainní laghdaithe chun an tairiscint seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú.

Ráiteas an Chathaoirligh 2012

Bliain rídhóiligh do Ghrúpa CIÉ a bhí sa bhliain 2012 ó thaobh airgeadais de. Mar gheall ar an tionchar carnach a bhí ag cúig bliana d'éileamh laghdaitheach ar iompar poiblí, ag laghdú ar íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí arna maoiniú ag an Státchiste, ag an gcostas méadaithe ar bhreosla agus ar thosca geilleagracha eile, bhí easnamh mór airgid sa Ghrúpa go luath sa bhliain.

Rinne Grúpa CIÉ, ag obair go dlúth leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus ag déanamh forbartha ar chlár laghdaithe costais reatha, raon gníomhaíochtaí a chur chun feidhme i rith na bliana, lenar áiríodh:-

- Próiseas mionsonraithe réamhaisnéise airgid laethúil.
- Réamhíoc íocaíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí agus luathú an phróisis um éilimh dheontais an státchiste.
- Teagmháil le comhairleoirí seachtracha chun saoráidí baincéireachta a ath-idirbheartú.
- Neartú mhaoirseacht choiste an Bhoird ar bhainistíocht airgid.
- Iarchur íocaíochtaí áirithe.
- Beartas láraithe íocaíochtaí amach.

De bhreis air sin, neartaigh Grúpa CIÉ próisis agus nósanna imeachta maidir le bainistíocht airgid, lenar áiríodh:-

- An fheidhm lárnach rialachais maidir le príomhrioscaí airgeadais a fheabhsú.
- Feidhm lárnach airgeadais an Ghrúpa a bhreisiú.
- Struchtúr iomchuí maoinithe idirchuideachta a fhorbairt.
- Uirlisí teicneolaíochta faisnéise a bhreisiú.

Chobhsaigh na gníomhaíochtaí sin an staid airgid. Tá plé ar shaoráidí baincéireachta athnuaite a bhaint amach ag céim forbartha.

Mar sin féin, ní mór do Ghrúpa CIÉ leanúint ar aghaidh ag cur raon gníomhaíochtaí ceartaitheacha chun feidhme, a bhfuil roinnt mhaith díobh doiligh dár gcustaiméirí, dár bhfoireann agus dár bpáirtithe leasmhara eile ar an drochuair.

Rinne Grúpa CIÉ iarratas ar an Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh méadú tairlí ar fud na seirbhísí go léir agus deonaíodh é. Tá siad cothromaithe ag raon tairiscintí cuir chun cinn d'fhonn an toradh ar sheirbhísí a fhás.


Tá idirbheartaíocht maidir le tuilleadh laghdúithe costais sna trí chuideachta oibríochta ag leanúint ar aghaidh, de bhreis orthu siúd a comhaontaíodh cheana féin. Ní mór coigilteas párolla agus tuilleadh éifeachtúlachtaí a bhaint amach.

Faoi mar atá amhlaidh i gcás cuideachtaí eile ag a bhfuil scéimeanna pinsin le sochar sainithe, is ábhar mór cúraim don Bhord é an t-easnamh ar scéimeanna pinsin CIÉ. Amhail deireadh na bliana 2012, léiríonn na scéimeanna easnamh €492 milliún, ar staid neamh-inbhuanaithe é. Tá Grúpa CIÉ agus na páirtithe leasmhara lena mbaineann tiomanta do réiteach inbhuanaithe ar shaincheisteanna pinsin as seo amach a aimsiú in 2013.

San iomlán, is maith liom a fhógairt go bhfuil líonra cuimsitheach seirbhísí á gcoinneáil ag CIÉ do na pobail a bhfreastalaíonn sé air. Rinneadh anailís mhionsonraithe ar éileamh sna trí chuideachta oibríochta chun a chinntiú go gcuirfí leibhéil seirbhíse a chomhlíonann an t-éileamh reatha ar iompar poiblí ar fáil.

Tá roinnt cúiseanna le soirbhíochas aireach. Chobhsaigh ioncam agus líon na bpaisinéirí, a bhí ag laghdú ó thús na géarchéime geilleagraí sa bhliain 2012 agus taifeadh fás beag ar ioncam, chomh maith le cobhsaíocht i líon na bpaisinéirí sa dara leath den bhliain. Faoi mar atá amhlaidh i gcás na ngnóthas go léir atá ag feidhmiú i ngeilleagar na hÉireann, beidh tionchar tairbheach díreach ar ioncaim ag filleadh ar fhás agus ar chobhsaíocht.

Grúpa CIÉ: Turais Paisinéirí 2008-2012



Lean gach cuideachta oibríoch ar aghaidh ag obair le hacmhainní laghdaithe chun an tairiscint seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú. In 2012, rinne Grúpa CIÉ na nithe seo a leanas:

- Feabhsaíodh agaí turais do sheirbhísí idirchathrach iarnróid agus cóiste.
- Cuireadh tionscadal Ghréasán Díreach Bhus Átha Cliath i gcrích, a sholáthraíonn níos mó roghanna díreacha agus iontaofa do chomaitéirí.
- Baineadh na leibhéil phoncúlachta ab airde riamh amach.
- Bainistíodh cur i bhfeidhm rathúil na Faisnéise Fíor-ama do Phaisinéirí (RTPI) do ghréasán Bhus Átha Cliath, agus tosú na gcomharthaí RTPI i gcathair Chorcaí do sheirbhísí Bhus Éireann (a fhairsingeofar chuig cathracha réigiúnacha eile ar ball) ag obair leis an Údarás Náisiúnta Iompair.
- Cuireadh Wi-Fi saor in aisce i bhfeidhm ar fud na gcabhlach bus agus iarnróid ar fad.
- Baineadh inrochtaineacht 100% amach ar fud chabhlach Bhus Átha Cliath agus tá urlár íseal oiriúnach do chathaoir rothaí ar na busanna go léir anois.
- Athbhreithníodh gréasáin chathrach Bhus Éireann i nGaillimh agus i Luimneach, i gcomhpháirtíocht leis an Údarás Náisiúnta Iompair, chun seirbhísí níos minice agus rochtain níos fearr ar fhostaíocht agus ar áiseanna sláinte a sholáthar.

Oibríonn Grúpa CIÉ freisin chun a chinntiú go n-imríonn sé ról gníomhach i dtacú le pobail agus i mbeartais maidir le dea-shaoránacht chorparáideach a shaothrú. Áirítear le tionscnaimh ábhartha:

- Leanúint le Clár Tacaíochta Pobail Bhus Átha Cliath atá fíor-rathúil agus ar bhain ochtó grúpa leas as in 2012.
- Tacaíocht Bhus Éireann do raon tionscnamh náisiúnta agus áitiúil spóirt, ar nós Shraith Náisiúnta FAI na mBan, Chomórtais Féile U-14 an CLG, agus ócáidí a reáchtálann raon leathan clubanna áitiúla spóirt ar fud na tíre.
- Tionscnamh nua tacaíochta pobail Iarnród Éireann “The Journey’s on Us” a thacaigh le céad grúpa ar fud an phobail agus na hearnála deonaí ar fud na tíre.
- Tionscnaimh chomhshaoil sna trí chuideachta go léir, trínar chuir éicithiomáint, éifeachtúlacht fuinnimh agus cláir eile feabhas breise ar inbhuanaitheacht an iompair phoiblí in Éirinn.

Thar lear, leanann CIE Tours International air a bheith ar an ngineadóir aonair is mó de thurasóireacht isteach ó mhargadh rithábachtach Meiriceá Thuaidh, agus bhí méadú 9.3% ar líon na gcuariteoirí a bhí aige don bhliain. Oibreoidh Grúpa CIÉ ina iomláine chun tacú leis an Tóstal in 2013.

Is suntasach atá na dúshlán os comhair Ghrúpa CIÉ go fóill. Níor cheart d’aon duine beag a dhéanamh den tasc atá romhainn chun a chinntiú go bhfillfidh Grúpa CIÉ ar chobhsaíocht airgeadais. Mar sin féin, táim muiníneach go gcinnteoidh na páirtithe leasmhara go léir, ag obair le chéile agus ag déanamh na mbeart a bheidh riachtanach agus a bheidh doiligh corrúair, gur féidir linn an chobhsaíocht sin a bhaint amach ar mhaithe le custaiméirí agus le pobail dá bhfuil ár seirbhísí iompair phoiblí rithábachtach dá saol laethúil.

Buíochas

Thar ceann an Bhoird, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, an Dr Leo Varadkar T.D. agus leis an Aire Stáit d’Iompar Poiblí agus Comaitéirí, an tUasal Alan Kelly, T.D., as ucht a gcuid tacaíochta do Ghrúpa CIÉ le linn na bliana, agus le hoifigigh na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt agus an Údarais Náisiúnta Iompair as ucht a gcuid cabhrach chomh maith.

Táim buíoch den Rialtas chomh maith, agus den Taoiseach agus den Aire Airgeadais go háirithe, as ucht na mórthionscadal infheistíochta ar tugadh fúthu faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013.

Tá an Bord fíorbhuíoch chomh maith as an gcómhaoiniú a fuarthas ó Chiste Struchtúrach an AE.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill foirne Ghrúpa cuideachtaí CIÉ as ucht a n-iarrachtaí leanúnacha i rith na bliana.

Chuaigh an tUasal Dermot Killen ar scor ón mBord an 18 Bealtaine 2012 agus chuaigh an tUasal Mick Cullen ar scor ón mBord an 4 Deireadh Fómhair 2012. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leosan as an tsárbair a rinne siad mar Chomhaltaí Boird.

Ceapadh an tUasal Frances Meenan agus an tOll. P.J. Drudy ar an mBord an 24 Iúil 2012. Ceapadh an tUasal Vincent Green an 11 Eanáir 2013. Tá an Bord ag tnúth go mór le haghaidh a thabhairt ar an iomad dúshlán a bheidh os comhair Ghrúpa CIÉ san am atá le teacht.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil leis na Comhaltaí Boird agus le stiúrthóirí na bhfochuideachtaí uile don chabhair agus don tacaíocht leanúnach a thug siad domsa go pearsanta agus as ucht a gcuid ama a thabhairt chun freastal ar na Boird agus ar an mórán coistí agus grúpaí comhairleacha rithábachtacha atá ann laistigh de Ghrúpa CIÉ.

Vivienne Jupp
Cathaoirleach

Athbheithniú ar Oibríochtaí

Léiríonn torthaí oibríúcháin Ghrúpa CIÉ don bhliain 2012 easnamh €43.1 milliún sula gcuirtear na nithe seo a leanas san áireamh:

- tairbhe fóirdheontais aonuaire bhreise a bhí cothrom le €36 milliún; agus
- coigeartú €18.8 milliún do FRS 17 – Cuntasaíocht do Shochair Scoir.

Tar éis an fóirdheontas aonuaire breise €36 milliún a chur san áireamh, b'ionann an t-easnamh oibríúcháin in 2012 agus €7.1 milliún.


Agus coigeartú FRS 17 a chur san áireamh, tá barrachas €11.7 milliún ag CIÉ don bhliain 2012 i gcomparáid le heasnamh €6.1 milliún in 2011. Léiríonn an tábla seo a leanas na torthaí oibríúcháin le haghaidh na bliana 2011 agus na bliana 2012.

	2012	2011
	€000	€000
Ioncam	724.9	707.9
Íocaíochtaí deontais na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí agus deontas Sábháilteachta Iarnróid	256.8	279.7
Ioncam Iomlán	981.7	987.6
Costais a bhaineann le párolla	(545.4)	(555.5)
Costais eile oibríúcháin	(464.6)	(461.8)
Costais airgeadais	(2.3)	(2.1)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inlámhsithe	21.7	22.3
Costais Iomlána	(990.6)	(997.1)
Easnamh Oibríúcháin roimh Chostais Eisceachtúla, Fóirdheontas Aonuaire Breise agus Coigeartuithe FRS 17	(8.9)	(9.5)
Costais Eisceachtúla	(34.2)	(1.7)
Easnamh Oibríúcháin roimh Fhóirdheontas Aonuaire Breise agus Coigeartuithe FRS 17	(43.1)	(11.2)
Fóirdheontas Aonuaire Breise	36.0	-
Easnamh roimh Choigeartuithe Costas Pinsin FRS 17	(7.1)	(11.2)
Coigeartuithe costas pinsin FRS 17	18.8	5.1
Barrachas/(Easnamh) Oibríúcháin, lena n-áirítear Coigeartuithe costas pinsin FRS 17	11.7	(6.1)

Bhí méadú €17 milliún ar ioncam paisinéirí sa bhliain 2012 agus ghnóthaigh an Grúpa brabús eisceachtúil €21.7 milliún as díolachán acmhainní, go príomha as Duga Spencer a dhíol. Is éard atá sna costais eisceachtúla €34.2 milliún ná an Clár Deonach Téarfa den chuid is mó

a cuireadh i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa, as ar tháinig titim mheánach de 315 duine ar líon na bhfostaithe le linn na bliana agus a chruthaigh coigilt €10.1 milliún i gcostais phárolla in 2012 i gcomparáid le 2011.


Ioncam an Ghrúpa 2007-2012



Ar leith ón Oibleagáid Seirbhíse Poiblí (PSO), fuair an Grúpa maoiniú Státhchiste €153.2 milliún le haghaidh caiteachas caipitiúil faoin bPlean Forbartha Náisiúnta (NDP), laghdú €90.5 milliún ar an méid a fuarthas in 2011.

B'ionann infheistíocht an Ghrúpa i sócmhainní seasta sa bhliain 2012 agus €195.0 milliún (2011: €315.6 milliún).

Infheistíocht an Ghrúpa i Sócmhainní Seasta 2007-2012



Chuideachtaí an Ghrúpa

Tá athbhreithnithe mionsonraithe ar oibríochtaí Iarnród Éireann, Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann le fáil i dTuarascáil Bhliantúil gach cuideachta.

Iarnród Éireann

Foriomlán

Thabhaigh Iarnród Éireann easnamh €22.5 milliún in 2012, i gcomparáid le heasnamh €21.9 milliún in 2011. Baineadh an toradh seo amach le tairbhe an fhóirdheontais aonuaire bhreise a bhí cothrom le €30.7 milliún a chuir an Státchiste ar fáil.

Cé gur chobhsaigh ioncam agus turais paisinéirí araon in 2012 (bhí méadú beag ar ioncam agus ní raibh ach laghdú beag ar líon na bpaisinéirí), leanadh ar aghaidh leis an bhfócas ar laghdú costais le linn na bliana. Laghdaíodh costais faoi €8.8 milliún in 2012, a thug an coigilteas carnach bliantúlaíthe costais a baineadh amach ón mbliain 2008 in Iarnród Éireann go €66.8 milliún nó 15.8%.

B'ionann ioncam do 2012 agus €186.6 milliún (2011: €185.8 milliún), agus b'ionann turais paisinéirí agus 36.9 milliún (37.4 milliún in 2011). Is maith an tuar é an dara leath láidir a bhí in 2012 d'fhás paisinéirí in 2013, go háirithe i gcomhthéacs timpeallachta geilleagraí atá níos cobhsaí.

B'ionann costais oibríocháin agus €355.7 milliún (€364.6 milliún in 2011). B'ionann íocaíocht na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí in 2012 agus €166.4 milliún - cuireadh

an íocaíocht fhorlíontach €30.7 milliún san áireamh san fhigiúr seo.

Mar gheall ar an gclár rathúil téarfa dheonaigh, chuaigh 315 duine (279 ar théarbhadh deonach) ar scor ón gcuideachta i rith na bliana. Ós rud é gur tharla formhór mór na scor seo i dtreo dheireadh na bliana, baintear coigilteas suntasach costais amach in 2013 mar thoradh air. Baineadh coigilteas costais agus laghduithe ar an lucht saothair amach le linn minicíochtaí seirbhíse a choinneáil do chustaiméirí ar fud an ghréasáin den chuid is mó. San iomlán, laghdaigh lucht saothair Iarnród Éireann ó 5,114 duine in 2006 go 3,814 duine amhail deireadh 2012.


Bhí laghdú 7% go €8.8 milliún ar ioncain lasta in 2012, agus bhí laige i margadh an laín adhmaid ina cúis le formhór an mheatha seo.

Bhí barrachas €2.0 milliún ag Calafort Ros Láir as láimhdeachas €9.7 milliún.

Feidhmíocht Seirbhíse

In 2012, bhain Iarnród Éireann an fheidhmíocht poncúlachta is airde go dtí seo amach, ó cuireadh tús leis na nósanna imeachta reatha maidir le tuairisciú sa Roinn Iompair, Turasoireachta agus Spóirt/san Údarás Náisiúnta Iompair in 2003. Baineadh poncúlacht níos mó ná 90% amach ar gach bealach agus seirbhís agus sháraigh sí 95% ar fhorhóir na mbealaí.

Feidhmíocht Poncúlachta



Sábháilteacht

Lean eochairtháscairí sábháilteachta, lena n-áirítear imbhuailtí, díráillithe agus comharthaí rabhaidh sáraithe, ar aghaidh lena dtreocht feabhsaithe i rith 2012. Bhí méadú ar thimpistí tríú páirtí, áfach, agus tá feachtais mhaolaithe riosca i bhfeidhm.

B'ionann iomlán an Chláir Infheistíochta um Shábháilteacht Iarnróid agus €99 milliún in 2012, agus rinneadh oibreacha suntasacha ar athleagan rianta, feabhsúcháin ar leapacha riain, draenáil, pointí agus trasbhealaí, athnuachaintí droichid agus infheistíocht comharthaíochta le linn na bliana.

Seirbhís do Chustaiméirí agus Gníomhaíocht Cuir Chun Cinn

Sholáthair na tairbhí infheistíochta cabhlach nua-aimseartha d'ardchaighdeán do custaiméirí ar sheirbhísí Idirchathrach, DART agus Comaitéirí.

I rith 2012, rinneadh é sin a fheabhsú tuilleadh trí Wi-Fi saor in aisce a chur i bhfeidhm ar na traenacha go léir, le cúnamh ón Údarás Náisiúnta Iompair. Tá Éire ar an gcéad tír san Eoraip ina bhfuil Wi-Fi ar fáil ar na seirbhísí traenach go léir.

Mar thoradh ar thionscadal ísealchostais chun agaí turais ar na bealaí Idirchathrach theas agus thiar a bhaint amach, tá laghdú suas go dtí 20 nóiméad ar agaí turais do chustaiméirí ar bhealaí idir Baile Átha Cliath agus Corcaigh, Ciarraí, Luimneach, Gaillimh agus Port Láirge.

Tugadh feabhsúcháin mhinicíochta agus toillte isteach freisin mar fhreagairt d'fhás ar éileamh do sheirbhísí Idirchathrach na hÉireann go Gaillimh agus go Cathair na Mart. Tarraingíodh roinnt seirbhísí seachbhuaice tearcúsáidte siar ar bhealaí eile.

Is úsáideoir gníomhach de na meáin shóisialta é Iarnród Éireann chun feabhas a chur ar sheirbhís agus chun teagmháil a dhéanamh le custaiméirí, agus tugadh aitheantas do chuntas Twitter @irishrail agus do bhlag (Railway Lines) na cuideachta i ndámhachtainí náisiúnta le linn 2012.

Rinneadh promóisin tráchtála a dhíríonn ar chomaitéirí Tax saver, ar thaisteal Idirchathrach mac léinn agus ar straitéis phraghsála ar líne. D'fhás éileamh paisinéirí sna príomh-mhargáí seo mar thoradh air seo.

Tionscadail Infheistíochta

Athchomharthaíocht Iár na Cathrach – Céim feidhmiúcháin 1

Cuirfidh an Tionscadal um Athchomharthaíocht Iár na Cathrach (CCRP) feabhas ar acmhainn an ghréasáin ó thaobh minicíocht seirbhíse de. Coimisiúnaíodh an stráice idir Binn Éadair agus Acomhal Bhinn Éadair i mí Aibreáin 2012. Cuireadh coimisiúnú na stráice idir Mullach Íde agus Cill Easra siar ar feitheamh chur i gcrích

phróiseas achomhairc an Choimisiúin Sábháilteachta Iarnróid.

Ráilcharranna Idirchathrach

Glacadh leis na haonaid Ráilcharranna Idirchathrach dheireanacha do sheirbhís paisinéirí an 19 Nollaig 2012, a chuir tabhairt isteach an chabhlaigh iomlán de 234 feithicil i bhfeidhm i gcrích. Mar gheall air seo, cuireadh an próiseas chun an cabhlach Idirchathrach a nuachóiriú ón gcabhlach is sine in Iarthar na hEorpa go dtí an cabhlach is nuaí i gcrích.

Feabhsúcháin Stáisiún agus Stáisiún Nua

Rinneadh saoráid nua casta siar ag Cluain Saileach a choimisiúnú agus a chur i bhfeidhm le tráthchlár nua mhí Eanáir 2013. Bronnadh conradh chun bóthar rochtana a thógáil ag Baile Fiobail. Osclóidh an stáisiún i rith an tsamhraidh in 2013.

Cuireadh oibreacha i gcrích ar an tionscadal chun láthair phobail stáisiún Shráid an Phiarsaigh a uasgrádú, lena n-áirítear ardaitheoirí nua agus athdhromchlú ardán. Cuireadh feistiú an bhealaigh isteach ag Coláiste na Tríonóide ag an taobh theas den stáisiún i gcrích. Tá an bealach isteach nua le hoscailt i mí Aibreáin 2013.

Cuireadh tús le Stáisiún Órán Mór a thógáil i mí Mheán Fómhair agus osclófar an stáisiún nua i rith an tsamhraidh in 2013.

Tacú leis an bPobal

Sheol Iarnród Éireann tionscnamh “The Journey’s on Us” in 2012 chun tacú leis an earnáil pobail, leis an earnáil dheonach, leis an earnáil spóirt agus leis an earnáil charthanais. Bronnadh turas grúpa saor in aisce do suas go dtí 50 duine ar 100 grúpa san iomlán i rith 2012 chun tacú le spriocanna na heagraíochta.

Bus Átha Cliath

Torthaí Oibríocháin agus Staid Airgeadais

Thabhaigh Bus Átha Cliath easnamh €3.8 milliún in 2012, i gcomparáid le heasnamh €18.2 milliún in 2011. Baineadh an toradh seo amach le tairbhe an fhóirdheontais aonuaire bhreise a bhí cothrom le €5.3 milliún a chuir an Státchiste ar fáil, agus áirítear leis táille €2.4 milliún do théarbhadh deonach.

Áirítear leis na príomhghnéithe de na torthaí airgeadais fás ioncaim €12.7 milliún agus laghdú breise costais €8.3 milliún. Bhí éileamh custaiméirí i bhfad ní ba chobhsaí sa tréimhse dheiridh den bhliain agus baineadh fás ioncaim amach den chéad uair ó 2008. Mar gheall ar an gcuíchóiriú agus ar na tairbhí custaiméirí a bhaine le tionscadal Ghréasáin Dhírigh, i dteannta rialú dian leantach costas, baineadh tuilleadh laghdúithe ar an



Rinne Bus Átha Cliath dul chun cinn an-suntasach in 2012 chun an tairiscint seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú.

mbonn costais amach, a bhfuil laghdú breis agus €60 milliún tagtha air ar bhonn bliantúlaithe ón mbliain 2008 i leith. Ar an drochuair, níor mhór méaduithe dosheachanta ar chostais a bhí cothrom le €6 mhilliún i réimse an bhreosla, chostais chúloifige an Chórais Ticéadaithe Chomhtháite agus na gcostas ar sheanchabhlach a chothabháil a iompar i rith na bliana.

Rinne an tionchar comhcheangailte a bhí ag an bhfás ar ioncam agus an coigilteas breise ó na bearta laghdaithe costais ar fhritháirigh costais bhreise iad an t-easnamh oibríocháin a laghdú go €10.0 milliún in 2012 roimh fhóirdheontas aonuaire €5.3 milliún, roimh laghdú aonuaire €3.3 milliún ar chostais éileamh agus roimh chostas téarfa dheonaigh €2.4 milliún. Áiríodh leis na torthaí do 2012 roinnt sochair neamh-athfhillteacha dar luach €1.1 milliún agus, dá bhrí sin, b'ionann an caillteanas bunúsach agus leanúnach do 2012 agus €11.1 milliún.

Fuair Bus Átha Cliath íocaíocht aonuaire bhreise de chuid na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO) de €5.3 milliún agus íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí de €69.4 milliún in 2012; is laghdú €3.6 milliún é sin i gcomparáid le 2011. In ainneoin na híocaíochta níos ísle, laghdaíodh an t-easnamh ar an PSO ó €18.9 milliún in 2011 go €11.3 milliún agus le tairbhe na híocaíochta aonuaire éigeandála PSO de €5.3 milliún, laghdaíodh an ghlanhíocaíocht go €6.0 milliún.

Tá brabúsacht riachtanach d'inbhuanaitheacht Bhus Átha Cliath agus cé go ndearnadh roinnt dul chun cinn, baineann ríthábhacht le tuilleadh laghdaithe ar chostais le go mbainfear cuspóir na staidéir airgeadais cobhsaí amach. I gcomhar le páirtithe leasmhara agus trí mheascán de mhéadú ar an ioncam agus de laghdaithe breise ar na mórchostais oibríocháin, tá a sheacht ndícheall á ndéanamh ag Bus Átha Cliath leis na caillteanais atá á dtabhairt a laghdú agus le cuideachta bhrabúsach a dhéanamh den chuideachta.

Is é freagairt na cuideachta don staid airgeadais dhúshlánach ná aghaidh a thabhairt uirthi trí shraith chuimsitheach beart. Cuimsítear sna bearta seo:

- Pleananna laghdaithe costais - costais phárolla agus costais nach cuid den phárolla iad.
- Pleananna giniúna ioncain.
- Togra le haghaidh méaduithe ilbhliantúla ar tháillí.
- Laghdú ar thimpistí agus ar an gcostas ar éilimh.

Ní mór na bearta go léir thuas a sholáthar de réir an sceidil agus an bhuiséid le go mbainfidh an chuideachta a spriocanna amach chun cuideachta bhrabúsach a dhéanamh di faoin mbliain 2014, chun airgead a ghiniúint le haghaidh infheistíocht riachtanach agus chun bonn airgeadais na cuideachta a chobhsú d'fhonn cinnteacht maidir le soláthar seirbhísí iompair agus le hinbhuanaitheacht fostaíochta a chur ar fáil.

Rinne Bus Átha Cliath dul chun cinn an-suntasach in 2012 chun an tairiscint seirbhíse do chustaiméirí a fheabhsú mar seo a leanas:

- Cuireadh Gréasán Díreach i gcrích. Ba éard a bhí i gceist anseo ná mairtís chasta d'athruithe tráthchláir, laghdú ar líon na bhfostaithe, laghdú ar an gcabhlach busanna, críochfoirt nua, bealaí nua agus athbheithnithe, agus scrúitithe oibre d'fhostaithe. Ghlac an pobal go dearfach leis an ngréasán nua agus déanfaidh an chuideachta é a chur chun cinn go mór sna míonna le teacht.
 - Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí do Chustaiméirí. Tá sí seo ar fáil anois ag breis agus 400 láthair ar an tsráid agus d'aon stad trínár n-aipeanna agus trí SMS. Go dtí seo, íoslódáladh breis agus 300,000 cóip d'aip Bhus Átha Cliath.
 - Busanna Nua. Tá an 80 bus de chineál GT, a seachadadh i rith 2012, feistithe le comharthaí eolais dátheangacha do phaisinéirí a thaispeánann ainm an chéad stad eile. Tá suíochánra feabhsaithe, dorais sa lár, córais fheabhsaithe CCTV agus cuid mhór feabhsúchán eile do chustaiméirí mar shainghnéithe de na busanna nua seo. Glactar go dearfach le Wi-Fi go háirithe.
 - Cárta Léime. Shonraigh mí na Nollag 2012 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmiú an Chárta Léime, is é sin an córas nua comhtháite ticéadaithe iompair faoi choinne Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath. Tairgeann an cárta, a seoladh ag aon am amháin i gcomhair sheirbhísí Bhus Átha Cliath, Iarnród Éireann agus Luas, rogha gan airgead tirim do chustaiméirí agus iad ag íoc as turais aonair. Ag tús na bliana, reáchtáladh feachtas fairsing fógraíochta chun béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann leis an gCárta Léime. Faoi dheireadh 2012, eisíodh 198,000 cárta san iomlán agus rinneadh tuairim is 200,000 turas sa tseachtain ar sheirbhísí Bhus Átha Cliath leis an gcárta.
 - Rochtain 100%. Ba mhór ag Bus Átha Cliath gur baineadh amach an sprioc go mbeadh rochtain 100% ar an gcabhlach iomlán in 2012. Garsprioc ollmhór a bhí anseo agus chuaigh sé chun leasa an ghrúpa mór custaiméirí a bhíonn ag brath ar na háiseanna seo.
- Dá bhrí sin, is éard atá sa straitéis fhoriomlán ná costais a laghdú mar atá leagtha amach thuas agus na dea-fhorbairtí sa tseirbhís a chur chun cinn le custaiméirí nua a mhealladh agus le hioncam a ghiniúint, agus forbairt a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:
- An méadú suntasach ar sheirbhísí traschathrach ardmhínicíochta agus an 22 shárbhealach phríomha a thairgeann níos mó roghanna taistil dhíreach do chustaiméirí.
 - Cabhlach glan nua-aimseartha Bhus Átha Cliath.
 - Bearta feabhsaithe tosaíochta bus.
 - Faisnéis Fíor-ama do Phaisinéirí.
 - Áis agus luach an Chárta Léime/ticéad réamhíochta.
 - Buntáistí na scéime Tax saver.

Bus Éireann

Athbheithniú agus Léargas Ginearálta Airgeadais

Mar gheall ar an gcúlú leanúnach, a bhí mar chúis le laghdú ar éileamh custaiméirí agus ar mhaoiniú Státchiste, lean Bus Éireann air ag dul i ngleic le dúshláin shuntasacha i rith 2012.

Thabhaigh an chuideachta easnamh €6.2 milliún in 2012 i gcomparáid le brabús €0.45 milliún, tar éis míreanna eisceachtúla, in 2011. B'ionann an cailteanas roimh mhíreanna eisceachtúla agus €1.84 milliún in 2011. Cruthaítear na cailteanais go príomha mar gheall ar leibhéil laghdaithe fóirdheontais, ar phraghsanna luaineacha breosla, ar iomaíocht mhéadaithe agus ar éileamh éiginnte custaiméirí.

In ainneoin na n-athruithe suntasacha a rinneadh ar an ngréasán in 2009, reo pá atá i bhfeidhm ó mhí Iúil 2008 agus coigilteas suntasach costais a baineadh amach i gcaiteachas párolla agus i gcaiteachas nach cuid den phárolla é, bhí easnamh €6.2 milliún os comhair na cuideachta in 2012 agus laghdaíodh glansócmhainní na cuideachta go €17 milliún. Mar fhreagairt don staid airgeadais atá ag meath, chuir an chuideachta plean i bhfeidhm a dhéanfadh cuideachta bhrabúsach den chuideachta trí ghiniúint ioncain, athbheochan na seirbhísí Luasbhealaigh agus pleananna laghdaithe costais, le linn dó leibhéil reatha seirbhíse na cuideachta a chosaint a oiread is féidir ag an am céanna.

D'éirigh leis an gcuideachta croí-ioncam paisinéirí bóthair a mhéadú €3.5 milliún in 2012 agus bhí méadú €2.6 milliún ar an ioncam iomlán. Bhí laghdú €6.5 milliún in 2012, áfach, ar íocaíochtaí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí d'fheidhmí na seirbhísí faoi chonradh don Údarás Náisiúnta Iompair. Baineadh coigilteas caiteachais €6.5 milliún amach in 2012. Mar sin féin, ní fhabhróidh an coigilteas párolla a bhaineann leis na hathruithe ar théarmaí agus coinníollacha ach ón mbliain 2013 i leith de dheasca moilleanna sa chur i bhfeidhm. Chosain arduithe i gcostas breosla €3.6m ar an gcuideachta in 2012 freisin.

Rinneadh an coigilteas costais seo ar fad agus an chuideachta ag leanúint le gréasán cuimsitheach comhtháite iompair seirbhísí a chur ar fáil ag an am céanna. Leanadh ag laghdú an lín foirne thar gach grád le linn 2012 agus an meánlíon foirne ag 2,551 i gcomparáid le 2,605 in 2011, laghdú 54. Lean Bus Éireann ag infheistiú in áiseanna, i gcórais TF agus i ngléasra agus in innealra le fanacht iomaíoch agus chun leibhéil chaighdeán a choimeád. Ba é €2 mhilliún méid iomlán an chaiteachais chaipitiúil in 2012.

Fuair an chuideachta cistiú caipitiúil freisin le haghaidh seirbhísí Oibleagáide Seirbhíse Poiblí dar luach €3.6 milliún ón Údarás Náisiúnta Iompair in 2012, rud a chuir

ar chumas na cuideachta infheistiócht a dhéanamh i seirbhísí feabhsaithe dá chustaiméirí.

B'ionann an t-ioncam iomlán in 2012 agus €286.3 milliún. B'ionann é agus €283.7 milliún in 2011.

Treochtaí Margaidh

Sa bhliain 2012, mhéadaigh Bus Éireann paisinéirí bóthair 1% agus mhéadaigh líon na dturas custaiméirí ó 36.5m in 2011 go 36.8m in 2012. D'fhás líon na gcustaiméirí ar feadh 2012 uile, agus go háirithe sa dara leath den bhliain. Mhéadaigh líon na gcustaiméirí 2% ar sheirbhísí cathrach agus mhéadaigh sé 4% ar sheirbhísí Luasbhealaigh. Bhí laghdú 1.5% ar an úsáid a bhain custaiméirí as seirbhísí cóiste scítheanna in 2012.

An tÚdarás Náisiúnta Iompair (NTA) agus an Conradh Seirbhíse Poiblí

Rialaíonn Conarthaí Iompair Phoiblí idir an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus Bus Éireann maoiniú seirbhísí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí (PSO). Tá feidhm leis an gconradh reatha ar feadh cúig bliana go dtí 2014. Luaitear sa chonradh caighdeán na feidhmíochta oibríocháin agus seirbhísí do chustaiméirí nach mór do Bhus Éireann a choinneáil. Sa bhliain 2012, chomhlíon Bus Éireann na spriocanna feidhmíochta go léir a leagtar amach sa chonradh. Fuair Bus Éireann fóirdheontas €37m ón Stát, mar íocaíocht ar PSO in 2012, laghdú 25% ó 2009.

Pobail a Nascadh

Le linn 2012, rinne Bus Éireann roinnt beart chun a chinntiú gur lean an chuideachta ag feabhsú a thairisceana seirbhíse do na pobail agus do na custaiméirí a bhfreastalaíonn an chuideachta orthu.


Áiríodh leis sin seachadadh an chabhlaigh nua i bhfeidhm trí mhaoiniú ón Údarás Náisiúnta Iompair agus ó acmhainní na cuideachta féin; feabhsúcháin ar chuid mhór seirbhísí chun aghaid turais níos gasta agus ceangail níos feara a chur ar fáil; an soláthar Wi-Fi saor in aice ar chuid mhór d'fheithiclí na cuideachta agus i roinnt dá stáisiúin; agus scáileáin taispeána eolais fheabhsaithe do chustaiméirí ag scáthláin, ag stadanna agus ag stáisiúin.

Chomh maith leis sin, rinne Bus Éireann a phróiseas ceannaigh ticéad ar líne a fheabhsú, pleanálaí turais ar líne na cuideachta a uasghrádú, agus a Aip Taistil Shoghluaiste don iPhone a sheoladh.

Léiríonn suirbhéanna neamhspleacha go bhfuil ardleibhéal sástachta i measc custaiméirí fós ag Bus Éireann agus molann 91% de na custaiméirí Bus Éireann do chara.

Infheistiócht sa Chabhlaigh

Lean Bus Éireann air ag infheistiú ina sheirbhísí a fheabhsú in 2012 trí theacht i bhfeidhm 88 feithicil nua



Léiríonn
suirbhéanna
neamhspleácha go
bhfuil ardleibhéal
sástachta i measc
custaiméirí fós ag
Bus Éireann agus
molann 91% de na
custaiméirí Bus Éireann
do chara.

mar chuid d'infheistíocht €30 milliún in iompar poiblí.

Mhainigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair seasca feithicil de na feithicilí nua ar chostas caipitiúil de thuairim is €19 milliún. Áirítear leo 10 mbus dhá stóir, 25 bus cathrach aon stóir, agus 25 cóiste aon stóir. Ní úsáidtear na feithicilí seo ach ar sheirbhísí faoi fhóirdheontas poiblí.

Maoiníodh 28 cóiste sa bhreis le húsáid ar sheirbhísí tráchtála Luasbhealaigh Bhus Éireann trí acmhainní na cuideachta féin ar chostas €11 mhiliún. Áiríodh leis seo 20 cóiste aon stóir a fhéadann freastal ar suas go 63 paisinéir in ionad an 52 paisinéir a bhféadann siad freastal orthu faoi láthair.

Tá Wi-Fi saor in aisce ar gach ceann den 88 feithicil agus tá suíochánra compoird bhreise agus pointí cumhachta ag suíocháin áirithe sna cóistí go léir.

Úsáid Iompair Phoiblí a Spreagadh

Tugadh faoi réimse fairsing feachtais margaióchta rathúla in 2012 d'fhonn seirbhísí a chur chun cinn. Ina measc bhí siad seo a leanas:

- Feachtas ar an teilifís, ar an raidió, sna meáin chló agus ar líne chun buntáistí an chabhlaigh nua d'fheithicilí Luasbhealaigh a chur chun cinn.
- Cur chun cinn scéim dílseachta ar líne Bhus Éireann, béClub, ar leanadh ar aghaidh léi ar feadh na bliana. Amhail deireadh na bliana 2012, bhí breis agus 30,000 ball ag an scéim.
- Cuireadh feachtais do mhic léinn ar siúl ag tréimhsí tábhachtacha den bhliain ar an gcampas. Reáchtáladh feachtais dhigiteacha freisin ag príomhphointí den fhéilire mac léinn chun spreagadh a thabhairt dóibh taisteal ar sheirbhísí Bhus Éireann.
- Cuireadh feachtas Tax saver ar siúl i gcomhar le Bus Átha Cliath agus le hIarnród Éireann a dhírigh ar ghnóthais agus ar fhostaithe chun béim a leagan ar na buntáistí a bhaineann le scéim Tax saver. Mhéadaigh díolacháin na dticéad Tax saver go mór in 2012.

Iompar Scoile

D'oibrigh Bus Éireann go dlúth leis an Roinn Oideachais agus Scileanna in 2012 d'fhonn a chinntiú gur cuireadh seirbhísí iompair scoile ar fáil faoin Scéim Iompar Scoile do leanaí bunscoile agus iar-bhunscoile, agus do leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach ó thaobh costais thar ceann an Stáit.

Iompraítear timpeall 114,000 leanbh a bhfuil ticéad acu a eisíodh faoin Scéim Iompar Scoile faoi dhó sa lá ar chabhlach tiomanta Bhus Éireann agus faoi chonradh, agus ar sheirbhísí bus agus iarnróid áitiúil agus náisiúnta sceidealaithe faoi cheadúnas príobháideach.

Tá luach breis agus €20 milliún de bhearta coigilte costais in iompar scoile bainte amach ag Bus Éireann ó 2010 in

ainneoin gur cuireadh níos mó ná trí chéad seirbhís nua leis an Scéim Iompar Scoile le linn an ama sin.

Is í sábháilteacht ár bpáistí scoile atá ag taisteal ar sheirbhísí iompair scoile na cuideachta ardtosaíocht Bhus Éireann agus tugadh aird ar leith go fóill ar chur chun cinn na sábháilteachta ar bhusanna scoile agus ar príomhtheachtaireachtaí sábháilteachta a chur in iúl i rith 2012.

Mar chuid thábhachtach de phrótacail sábháilteachta na cuideachta, fostaíonn Bus Éireann seirbhísí grúpa saineolaithe neamhspleácha atá tiomanta do sheirbhísí gairmiúla iniúchta d'fheithicilí agus do chórais chothabhála a chur ar fáil agus a thugann comhairle agus cúnaimh lena chinntiú go bhfuil nósanna imeachta na cuideachta maidir le cothabháil cabhlaigh, ní hamháin in iompar scoile, comhsheasmhach leis na cleachtais tionscail is fearr. Úsáidtear an ghníomhaireacht neamhspleách seo chomh maith chun spotseiceáil a dhéanamh ar chonraitheoirí busanna a sholáthraíonn seirbhísí bus scoile faoin Scéim.

Bainistíocht Sábháilteachta agus Riosca

Is í sábháilteacht chustaiméirí agus fhoireann Bhus Éireann príomhthosaíocht na cuideachta trí chloí docht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta.

Leanann an lucht bainistíochta orthu ag atreisiú cultúr sábháilteachta ar fud na heagraíochta. Mar chuid de seo, lean an chuideachta ar aghaidh ag infheistiú in oiliúint do bhaill foirne cosúil leis an Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil (CPC), bainistíocht sábháilteachta agus oiliúint theicniúil don fhoireann cothabhála in 2012. De réir beartais, déanann an chuideachta athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar na córais bhainistíochta sábháilteachta. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar Ráiteas Sábháilteachta Bhus Éireann agus cuirtear faoi bhráid na foirne ar fad é.

CIE Tours International

Lean CIE Tours International air ag fás in 2012, ag teacht as feidhmíocht láidir in 2010 agus in 2011 araon. Tháinig méadú 5.9% ar an ioncam go €50.1 milliún nó méadú €2.8 ar fhigiúr 2011. Méadaigh líon na bpaisinéirí faoi 3,600 duine freisin go 42,400 paisinéir. Tháinig borradh mór ar an uile réimse den ghnó, go háirithe ar dhíol na dturas cóiste ina bhfuil Éire agus an Bhreatain araon san áireamh; tháinig méadú 22% air seo i gcomparáid leis an mbliain 2011.

Is é margadh Mheiriceá Thuaidh an príomh-mhargadh ina mbíonn CIE Tours International san iomaíocht. Faightear 90% den ioncam sa mhargadh faoi leith seo. Maidir leis an gcuid eile den ghnó, pléitear leis na margai níos lú, mar shampla, an Spáinn, an Réigiún Nordach agus an Astráil/an Nua-Shéalainn.

Tá níos mó áirithintí á gcur in áirithe le haghaidh shéasúr 2013 faoi láthair ná mar a cuireadh le haghaidh shéasúr 2012 agus táthar dóchasach go sáróidh siad na spriocanna a buiséadaíodh. Chabhraigh tionscnamh Thurasóireacht Éireann "Tóstal 2013" go mór leis an tús láidir do 2013. Is ábhair inmí do CIE Tours International go fóill iad cobhsaíocht gheilleagrach na hEorpa agus SAM, chomh maith leis an gcostas atá ag fás ar tháillí aerthaistil ó SAM go hÉirinn.

Bhí brabús €2.823 milliún ag CIE Tours International do 2012. Leanfaidh an chuideachta ag déanamh infheistíochta sa teicneolaíocht d'fhonn gníomhaíochtaí oibríochtúla a chur chun feabhais agus d'fhonn a dhíolacháin agus a fheidhmeanna margaióchta a bhreisiú. De bhrí na hinfeistíochta seo, beidh an chuideachta fós mar an príomhoibreoir do thurais chóistí ó SAM go hÉirinn.

Réadmhaoin Ghrúpa

Réadaigh Réadmhaoin Ghrúpa díolacháin réadmhaoin neamhoibríochtúla arbh ionann iad agus €21.5 milliún, chomh maith le glanioncam cíosa €12.2 milliún in 2012.

Cuireadh díolachán Bhloc C1 go Bloc C5 de chuid Dhugaí Spencer le meán infheistíochta Davy i gcrích sa ráithe dheireanach de 2012 ar shuim €20.1 milliún. Mar gheall ar na dálaí geilleagracha reatha, tá brú ar chíosanna go fóill; mar sin féin, maolaíodh an tionchar a bhí aige sin trí ligin nua, agus bhí glanioncam cíosa cothrom leis an mbliain 2011.

Níltear dóchasach go dtabharfar aghaidh ar fhorbairt réadmhaoin trachtála go ceann tamaill ghairid go fóill. Ag cuimhneamh ar an saol atá romhainn, áfach, fuair CIE cead pleanála 10 mbliana faoi choinne tailte ag Stáisiún Uí Chonghaile. Anuas air sin, chuir sé creatstraitéisí pleanála i gcrích faoi choinne tailte ag Sráid an tSirriam agus ag Stáisiún Heuston.

Cuireann Réadmhaoin Ghrúpa seirbhísí gairmiúla ar fáil chomh maith do thionscadail éagsúla bhonneagair de chuid Iarnród Éireann, go háirithe tionscadail a bhaineann le crosairí comhréidhe, Bealach Chill Dara, Corcaigh/Mainistir na Corann agus an Bealach/Dún Búinne/an Uaimh.

Líonra Fógraíochta Comaitéirí

Leanann an timpeallacht gheilleagrach spealta uirthi ag imirt tionchair ar an margadh fógraíochta allamuigh agus bhí tuilleadh laghdaithe ar chaiteachas fógróirí in 2012. Léirítear é seo sna figiúirí ioncaim an Líonra Fógraíochta Comaitéirí do 2012 a d'ísigh tuilleadh ó ioncam 2011. Bhí glanbhrabús ag an ngnóthas don bhliain dar críoch 2012.

Tugann treochtaí reatha fógraíochta allamuigh le fios go bhfanfaidh an margadh fógraíochta allamuigh cothrom ar a mhéad don bhliain 2013. Is é an buntáiste sa chás seo, áfach, ná go bhfuil luach maith ag baint leis an margadh fógraíochta allamuigh anois agus go bhfuil sé níos solúbtha ó thaobh a thairiscintí do chliant.

Téann an conradh reatha as feidhm ag deireadh 2013 agus tosaíodh soláthar chun tairiscint a chur ar an ngnóthas ar chonradh nua ó mhí Eanáir 2014.

Léargas Ginearálta ar Úsáid Fuinnimh an Ghrúpa in 2012

Áirítear le hídiú fuinnimh an Ghrúpa ola dhíosail le cabhlaigh bhusanna Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, carráistí Idirchathrach Iarnród Éireann agus Traenacha Díosail Ilaonad a rith. Leictreachas le haghaidh rith sheirbhís DART Iarnród Éireann, uathchrosairí comhréidhe, stáisiúin traenach agus bhus, seomraí trealaimh, ceardlanna agus riachtanais ghinearálta oifige. Baintear sochar as gás nádúrtha agus ola téimh i gcomhair téamh spáis oifigí agus ceardlann. Liostaítear an phróifíl úsáide do 2011/2012 sa tábla thíos.

Próifíl ídithe fuinnimh an Ghrúpa	MWhr 2012	MWhr 2011
Ola dhíosail le haghaidh tarraingt	1,031,937	1,060,574
Leictreachas le haghaidh tarraingt	23,900	25,000
Leictreachas le haghaidh nithe eile	48,978	52,928
Gás	23,044	23,015
Ola téimh	889	1,365

Gníomhartha a Gabhadh de Láimh le Costais Fuinnimh a Laghdú

Rinneadh coigilteas i gcostais fuinnimh sa Ghrúpa tríd síos sa bhliain 2012. Tá siad seo a leanas ina measc:

Iarnród Éireann

Gníomhartha ar Tugadh fúthu in 2012

Lean Iarnród Éireann ar aghaidh lena chuid oibre ar roinnt leibhéal in 2012:

Breosla díosail le haghaidh tarraingt

- Tionscnaíodh clár tástála ar tháirge le próiseas a éilíonn go laghdaíonn sé ídiú breosla in innill fhrithingeacha díosail a fhiorú.

- Ceannaiodh trealamh tomhais agus suiteáladh é i 4 fheithicil iarnróid (DMUnna Comaitéara).
- Is anacrach atá an trealamh seo agus níor tosaíodh tástáil iomlán go fóill. Táthar ag súil go dtosóidh sí roimh lár na bliana 2013.
- Déanfar measúnú ar na torthaí le heolas a thabhairt don chinneadh faoi ghníomhartha amach anseo.
- Coigilteas féideartha 25,000 MWh in aghaidh na bliana.
- Uathmhúchadh/uath-atosú inneall traenach.
- Foinsíodh córas dílsithe ach níorbh fhéidir teacht ar chomhaontú conartha. Tá plé fadtéarmach leis an Déantóir Buntrealaimh ar bun anois ach ní dóchúil go dtiocfar ar réiteach go luath.

Leictreachas le haghaidh tarraingt

- Ghin ollchóiriú mór ar na méideanna traenach (leis an méid a chomhoiriúnú don éileamh laghdaithe) coigilteas suntasach 1,100 MWhr.

Gníomhartha a Bheartaítear do 2013

Tá sé ar intinn ag Iarnród Éireann in 2013 a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

Breosla díosail le haghaidh tarraingt

- Táirge le feidhmíocht innill fhrithingeach díosail a fheabhsú.
- Cuirfear clár tástála do bhreiseán breosla i bhfeidhm agus i gcrích.
- Faoi réir torthaí sásúla tástála, cuirfear tús leis an gclár um chur i bhfeidhm.
- Coigilteas féideartha 25,000 MWh in aghaidh na bliana.

Ídiú foirgnimh

- Laghdú a threorú sa réimse seo trí bheartú spriocanna agus trí rialuithe.

Bus Átha Cliath

Gníomhartha ar Tugadh fúthu in 2012

In 2012, thug Bus Átha Cliath faoi réimse tionscnamh chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lenar áiríodh:

- Comhaontú comhpháirtíochta le húdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI).

- Soilse LED a thriail i gclaiseanna Ceardlainne.
- Feithiclí nua a cheannach ina gcuirfear innill chaighdeánacha Euro 5.
- Oiliúint Mapa Fuinnimh d'fhostaithe.
- Feasacht ar chúrsaí fuinnimh a chur chun cinn i measc fostaithe.
- Leanúint le monatóireacht fuinnimh ag gach áitreabh.
- Leanúint le hoiliúint éicithiomána do thiománaithe.
- I dteannta a chéile, tá na bearta seo agus bearta coigilte fuinnimh eile ag coigilt 21,423 MWh in aghaidh na bliana.

Gníomhartha a Bheartaítear do 2013

Tá sé ar intinn ag Bus Átha Cliath in 2013 a fheidhmíocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

- Trialacha a thionscnamh maidir le héicithiomáint cabhlaigh trí úsáid a bhaint as teicneolaíocht ar bord.
- Caidéil uisce a uasghrádú agus a ionadú le mótair éilimh ghníomhachtaithe brú.
- Braiteoirí PIR i mbusárais agus i gclaiseanna ceardlainne.
- Monatóireacht ar bhreosla cabhlaigh de réir bealaigh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chórais aeir chomhbhrúite.
- Feithiclí nua a cheannach ina gcuirfear innill chaighdeánacha Euro 5.
- Feachtas Feasachta ar Chúrsaí Fuinnimh.
- Oiliúint VigilVanguard do thiománaithe, lena n-áirítear teicnící éicithiomána.
- Tuilleadh deiseanna coigilte fuinnimh a shainaitheint trí na foirne áitiúla bainistíochta fuinnimh.

Bus Éireann

Gníomhartha ar Tugadh fúthu in 2012

In 2012, thug Éireann faoi réimse tionscnamh chun feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, lenar áiríodh:

- Tá innill Euro 5 curtha san 88 feithicil nua a tháinig i bhfeidhm.
- Tá córas teileamaitice curtha sna feithiclí nua go léir chun cabhrú le tiománaithe an leas is mó a bhaint as éicithiomáint na bhfeithiclí go léir.
- Tá áis réchasta innill scoite uathoibríoch acu freisin.

- Rinneadh clár feasachta ar fhrith-réchasadh i measc tiománaithe.
- Oiliúint leanúnach na foirne ar theicnící éicithiomána agus tosú treoracha bealaí éicithiomána.
- Comhpháirtíocht leanúnach le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI) chun bealaí le hídiú fuinnimh ar fud na heagraíochta a laghdú a scrúdú agus a chur chun feidhme.

Gníomhartha a Bheartaítear do 2013

Tá sé ar intinn ag Bus Éireann in 2013 a fheidhmiúocht fuinnimh a fheabhsú tuilleadh trí na tionscnaimh a leanas a ghabháil de láimh:

- Leanúint den chomhpháirtíocht bhunaithe le SEAI.
- Clár feidhmithe chéimnigh éicithiomána a chur i bhfeidhm go leanúnach.
- Leanúint de chórais teileamaitice ar bord feithicle a chur i bhfeidhm.
- Tástáil córas dáilte breosla atá saor ó dhoirteadh i gCorcaigh.
- Umair aosaithe stórála breosla a uasghrádú.
- Limistéir stórála breosla agus ola bhundaithe a shuiteáil.
- Córais athchúrsála uisce niteora bus a shuiteáil.
- Uasghráduithe leanúnacha ar shoilsiú atá tíosach ar fhuinneamh ag garáistí.
- Measúnuithe ar theicneolaíocht breosla mhalartaigh do ghás nádúrtha comhbhrúite.

Fostaíocht

Ba é meánlíon na ndaoine a bhí ar fostú ag Grúpa CIÉ ag deireadh 2012 10,083; ba laghdú 315 é seo ar an mbliain 2011.

Rannpháirtíocht na Foirne

Is é príomhshócmhainn Ghrúpa CIÉ a chuid foirne. Is é beartas Ghrúpa CIÉ an acmhainn sócmhainne seo a uasmhéadú trí chultúr rannpháirtíochta agus obair bhuíne a spreagadh. Spreagtar na fostaithe uile le páirt a ghlacadh i stiúradh Ghrúpa CIÉ trí rannpháirtíocht ghníomhach i bhfoirne tionscadail, trí mheithleacha agus trí thionscnaimh atá dírithe ar chustaiméirí. Tá ceathrar comhaltaí oibrí ar Bhord CIÉ.

Comhdheiseanna

Leanann an Grúpa, trína oifigigh chomhionannais, ar aghaidh ag feabhsú an chomhionannais san ionad oibre do gach grúpa atá clúdaithe ag reachtaíocht chomhionannais. Coimeádtar réimse na dtionscadal um Chothromaíocht Oibre is Saoil atá ar fáil d'fhoireann an Ghrúpa faoi athbheithniú leanúnach. Bíonn an Grúpa rannpháirteach le roinnt eagraíochtaí seachtracha i bhforbairt a chuid cleachtas agus nósanna imeachta, e.g. trí bheith mar bhall den Ghrúpa Oibre um Éagsúlacht san Ionad Oibre in IBEC.

Inrochtaineacht

Tá caidreamh gníomhach le heagraíochtaí dóibh siúd a bhfuil fadhbanna gluaisteachta ag gabháil dóibh chun tosaíochtaí a bhunú chun inrochtaineacht feithiclí, oifigí agus stáisiún a sholáthar.

Cleachtas Íocaíochta

Tuigeann CIÉ a fhreagracht maidir lena chinntiú go gcloítear, i ngach gné ábhartha, le forálacha Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002. Ba é beartas íocaíochta an Ghrúpa tríd síos in 2012 cloí le ceanglais an rialacháin.

Beartas Soláthair

Tá Beartas Soláthair Ghrúpa CIÉ i bhfeidhm le comhlíonadh Threoracha Fóntas agus Soláthair Phoiblí an AE a chinntiú, mar aon le beartais an Rialtais agus an Bhoird. Go suntasach, cuireadh na soláthairtí uile os cionn na dtairseach cáilíochta chun tairisceana oscailte agus cuireadh isteach in Iris an AE iad nuair a bhí amhlaidh oiriúnach.

Rioscaí Bunairgid

Déileálann Grúpa CIÉ leis na rioscaí bunairgid do na gnóthaí i roinnt slite éagsúla, lena n-áirítear sláinte agus sábháilteacht. Coinníonn gach ceann de na cuideachtaí clár rioscaí agus déantar é a nuashonrú ó am go chéile leis na rioscaí agus na pleananna gníomhaíochta éagsúla chun dul i ngleic leo seo. Téann CIÉ, thar ceann Iarnród Éireann, Bhus Átha Cliath agus Bhus Éireann, i mbun conarthaí malartaithe tráchtearra le haghaidh breosla. Tugann CIÉ faoi réamhcheannach airgeadra sa chás go measann sé go bhfuil luach ann agus riosca laghdaithe don Ghrúpa.



Struchtúr an Ghrúpa

Is é Córas Iompair Éireann an t-údarás reachtúil náisiúnta a chuireann iompar poiblí ar thalamh ar fáil laistigh de Phoblacht na hÉireann. Tá sé faoi úinéireacht iomlán Rialtas na hÉireann agus tuairiscíonn sé don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt.

Tá cuideachta shealbháíochta an Ghrúpa eagraithe i gceithre fhochuideachta oibríoch, dhá aonad gnó agus soláthraithe fosheirbhíse. I dteannta a chéile, soláthraíonn siad seirbhísí dóibh seo a leanas:

- Taisteal paisinéirí iarnróid
- Tarlú lasta iarnróid
- Taisteal bus cathrach, idirchathrach, tuaithe agus scoile
- Bainistíocht calafort
- Turais imeachta/laethanta saoire
- Fosheirbhísí:
- Bainistíocht tionscadal; Réadmhaoín; Seirbhísí Dlí; Bainistíocht Árachais/Dliteanais; Seirbhísí IT agus Teileachumarsáide.

Cuireann an chuideachta shealbháíochta treoir, rialú agus comhordú iomlán straitéiseach ar fáil, agus tá ardleibhéal uathrialach oibriúcháin ag gach fochuideachta agus aonad Gnó.



Córas Iompair Éireann

- CIE Tours International Inc.
- Líonra Fógraíochta Comaitéirí
- Réadmhaoín Ghrúpa CIÉ
- Bainistíocht Árachais/Dliteanais
- Teicneolaíocht Faisnéise
- Seirbhísí Dlí



Iarnród Éireann

- Idirchathair
- Fo-uirbeach
- Cian-chomaitéir
- Lasta Iarnróid
- Calafort Ros Láir



Bus Éireann

- Luasbhealach
- Seirbhísí Tuaithe
- Seirbhísí Cathrach Cúige
- Seirbhísí Bus Scoile
- Fruilíú Príobháideach



Bus Átha Cliath

- Seirbhísí Cathrach
- Xpresso
- Nitelink
- Airlink
- City Tours
- Fruilíú Príobháideach

Comhaltaí an Bhoird agus Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

Comhaltaí an Bhoird

Tá ainmneacha na ndaoine a bhí ina gcomhaltaí Boird ag aon am i rith na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2012 leagtha amach anseo. Ba chomhaltaí Boird iad ar feadh na bliana iomláine seachas má léirítear a mhalairt.

Vivienne Jupp	Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin
Kevin Bonner	
Mick Cullen •	(Ar scor ón 4 Deireadh Fómhair 2012)
P.J. Drudy	(Ceaptha an 24 Iúil 2012)
Phil Gaffney	
Vincent Green •	(Ceaptha an 11 Eanáir 2013)
Helen Keelan	
Dermot Killen	(Ar scor ón 18 Bealtaine 2012)
Paul Mallee	
Bill McCamley •	
Willie McDermott •	
Aebhric McGibney	
Frances Meenan	(Ceaptha an 24 Iúil 2012)
John Moloney •	

- Comhalta oibrí

Rúnaí an Bhoird

Geraldine Finucane,
Stáisiún Heuston,
Baile Átha Cliath 8.
Guthán: + 353 1 703 2008
Facs: + 353 1 703 2276

Coistí an Bhoird

An Coiste Iniúcháireachta

Helen Keelan	Cathaoirleach
P.J. Drudy	(Ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2012)
Phil Gaffney	(Ceaptha an 5 Aibreán 2012)
Dermot Killen	(Ar scor ón 18 Bealtaine 2012)
<i>1 fholúntas</i>	

An Coiste Airgeadais agus Riosca

Aebhric McGibney	Cathaoirleach
	(Ceaptha an 2 Feabhra 2012)
Kevin Bonner	(Ceaptha an 5 Aibreán 2012)
Dermot Killen	(Ar scor ón 18 Bealtaine 2012)
Paul Mallee	
Frances Meenan	(Ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2012)



An Coiste Luach Saothair

Phil Gaffney Cathaoirleach
(Ceaptha an 5 Aibreán 2012)

Vivienne Jupp
1 fholúntas

An Coiste Réadmhaoine

Lánscoireadh an Coiste seo an 4 Deireadh Fómhair 2012 agus aistríodh a chuid freagrachtaí chuig Coiste Airgeadais agus Riosca CIÉ.

An Coiste Sábháilteachta

Phil Gaffney Cathaoirleach
Dermot Killen (Ar scor ón 18 Bealtaine 2012)
Frances Meenan (Ceaptha an 4 Deireadh Fómhair 2012)
2 fholúntas

An Coiste Straitéise

Helen Keelan Cathaoirleach
(Ceaptha an 31 Eanáir 2013)

P.J. Drudy (Ceaptha an 31 Eanáir 2013)

Vivienne Jupp (Ceaptha an 31 Eanáir 2013)

Lucht Bainistíochta an Ghrúpa

Paddy Doherty Príomhfheidhmeannach, Bus Átha Cliath
Mike Flannery Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa
David Franks Príomhfheidhmeannach, Iarnród Éireann
Martin Nolan Príomhfheidhmeannach, Bus Éireann
Brian Stack Stiúrthóir Bainistíochta, CIE Tours International

Iniúcháirí

PricewaterhouseCoopers,
Cuntasóirí Cairte agus
Iniúcháirí Cláraithe
Aon Duga Spencer,
Cé an Phoirt Thuaidh,
Baile Átha Cliath 1.

Príomhbhaincээр

Banc na hÉireann,
Faiche an Choláiste, Baile Átha Cliath 2.

Aturnae

Colm Costello,
Teach Uisce an Droichid,
Droichead na hInse, Baile Átha Cliath 8.

Eolas faoi Bhord Chóras Iompair Éireann



Vivienne Jupp, Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin

Ceapadh Vivienne Jupp ina Cathaoirleach Neamhfheidhmiúcháin ar ClÉ i mí an Mheithimh 2011. Sainchomhairleoir bainistíochta í agus bhíodh sí ina Stiúrthóir Bainistíochta Domhanda ag Accenture. Bhí roinnt ceapacháin Rialtais aici, lena n-áiríodh Cathaoirleach ar Choimisiún na Sochaí Faisnéise agus bhíodh sí ina ball de Choimisiún Craolacháin na hÉireann. Bhíodh sí ina ball den Ghasra Athbhreithnithe ar Luach Saothair níos Airde san Eanáil Phoiblí agus bhí sí ar Bhord Fhoras Ospise na hÉireann freisin. Bhain sí BComm agus MBS amach sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (UCD). Sa bhliain 2000, bronnadh an Gradam Alumnus den Scoth uirthi ó Scoil Cheimithe Ghnó Michael Smurfit, UCD.



Kevin Bonner

Ceapadh Kevin Bonner ina Chathaoirleach ar Bhus Átha Cliath agus ar Bhord ClÉ i mí an Mheithimh 2011. Is iar-Ard-Rúnaí de chuid na Roinne Fiontar agus Fostaíochta é Kevin. Bhí sé ina chathaoirleach nó ina stiúrthóir ar roinnt comhlachtaí/cuideachtaí san earnáil phríobháideach agus san earnáil phoiblí, e.g. Foras na Mara, Suirbhéireacht Ordanáis Éireann agus Waterford Stanley. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath (BA) agus de chuid Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (MScEcon) é.



Mick Cullen

Ceapadh Mick Cullen ar Bhord ClÉ i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Mick i mbun oibre le hIarnród Éireann sa bhliain 1972 agus oibríonn sé i Loch Garman mar chomharthóir. Tá sé ina bhall de SIPTU agus déanann sé ionadaíocht d'oibrithe iarnróid. Chuaigh Mick ar scor ón mBord i mí Dheireadh Fómhair 2012.



An tOll. P.J. Drudy

Ollamh Emeritus san Eacnamaíocht, Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Iar-Dhéan Sinsearach agus Iar-Sparánaí an Choláiste é an tOll. Drudy. B'iomaí coiste agus comhlacht a raibh sé orthu a bhain le cúrsaí oideachais, airgeadais, pleanála agus forbartha. Ina measc bhí an Regional Studies Association (Cisteoir), Craobh na hÉireann den Regional Studies Association (Cathaoirleach), Coiste Bainistíochta an Regional Studies Association, Irisleabhar an Regional Studies Association (Cathaoirleach), Comhlachas Eacnamaíochta na hEorpa, Údarás Forbartha Dhugthailte Bhaile Átha Cliath, Bord Choláiste na Tríonóide agus mórán coistí eile. Ina theannta sin, bhí sé ina chomhairleoir agus ina chomhairleach do chomhlachtaí éagsúla poiblí agus deonacha. Ina measc siúd bhí an Coimisiún Eorpach, an Roinn Comhshaoil sa Bhreatain, Bord Iascaigh Mhara, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, Comhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath Theas agus Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath. Is iomaí leabhar agus páipéar atá curtha i gcló ag an Ollamh Drudy faoi gheilleagar na hÉireann, faoi fhorbairt uirbeach agus réigiúnach agus faoi thithíocht. Ceapadh an tOllamh Drudy ar Bhord ClÉ i mí Iúil 2012.

Eolas faoi Bhord Chóras Iompair Éireann (ar lean)



Phil Gaffney

Ceapadh Phil Gaffney ar Bhord CIÉ agus ina Chathaoirleach ar Iarnród Éireann i mí an Mheithimh 2011. Roimhe sin, bhí sé ina stiúrthóir ar Iarnród Éireann ón mbliain 2006 amach. Innealtóir comharthaíochta iarnróid is ea é. Sula ndeachaigh sé ar scor i mí na Nollag 2005, chaith Phil ocht mbliana is fiche leis an MTR i Hong Cong. I rith an ama sin, bhí sé ina Phríomhinnealtóir, ina Stiúrthóir Oibríochtaí agus ina Stiúrthóir Bainistíochta. Tá sé ar Bhord Crossrail i Londain agus ar Choiste Sláinte agus Sábháilteachta Crossrail freisin.



Vincent Green

Ceapadh Vincent Green ar an mBord a chéadúair i mí Eanáir 2013 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001. Thosaigh Vincent i mbun oibre le hIarnród Éireann sa bhliain 2000 agus oibríonn sé ó Stáisiún Heuston mar sheiceálaí ticéad. Tá sé ina bhall de SIPTU agus rinne sé ionadaíocht d'oibrithe iarnróid ag leibhéal áitiúil agus brainse leis na blianta.



Helen Keelan

Tá taithí shinsearach 25 bliain ar airgeadas agus ar cheannaireacht straitéiseach ag Helen Keelan a gnóthaíodh in KPMG, Ericsson agus Intel. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúcháin do Barclays Bank Ireland PLC, New York Life Investments International Limited, Oasis Global Investment Fund (Éire) PLC agus PM Group Limited. Soláthraíonn Helen comhairleacht faoi fhorbairt, faoi cheannaireacht agus faoi rialachas straitéise. Is meastóir í do Bhord Measúnaithe Feidhmíochta Institiúid na Stiúrthóirí.

Ghnóthaigh sí Céim Mháistreachta i mBainistíocht ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, agus Céim i dTráchtáil ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Is Comhalta d'Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn agus Stiúrthóir Cairte í.



Dermot Killen

Comhairleoir gnó is ea Dermot Killen. Is comhpháirtí é in McGuinness Killen Partnership Ltd. Anuas air sin, is léachtóir é i mBainistíocht Acmhainní Daonna ag leibhéal fochéime agus iarchéime in NCI agus i mBainistíocht Acmhainní Daonna agus i mBainistíocht Oibríochtaí ag leibhéal fochéime in IT Cheatharlach. Roimhe sin, bhí sé ina Stiúrthóir HR i nGrúpa Smurfit in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Tá taithí ag Dermot i bhforbairt beartais agus straitéise ó thaobh an ghnó i réimse iomlán na saincheisteanna Acmhainní Daonna agus Caidrimh Thionsclaíoch. Is céimí innealtóireachta é ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Sa mhullach air sin, tá Máistreacht in Iompraíocht Eagraíochta (TCD) agus Máistreacht i dTaighde Gnó (Durham, an Ríocht Aontaithe) aige agus is Comhalta é den Chartered Institute of Personnel and Development. Chuaigh Dermot ar Bhord CIÉ i mí na Bealtaine 2009 agus chuaigh sé ar scor i mí na Bealtaine 2012.

Eolas faoi Bhord Chóras Iompair Éireann (ar lean)



Paul Mallee

Ceapadh Paul Mallee ina Chathaoirleach ar Bhus Éireann agus mar chomhalta boird de Chóras Iompair Éireann an 29 Meitheamh 2011. Is sainchomhairleoir bainistíochta san earnáil iompair atá ann, a oibríonn go hidirnáisiúnta. Bhí poist shinsearacha aige le Etihad Airways agus le Booz & Company, ar comhairleacht straitéise domhanda í. Is ána agus iar-uachtarán é Paul den Chartered Institute of Logistics and Transport (CILT) Ireland. Is céimí de chuid an Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus Scoil Chéimithe Ghnó Michael Smurfit é. Tá Céim Mháistreachta aige i mBainistíocht agus Pleanáil Straitéiseach, Céim Baitsiléara Tráchtála agus Deimhniú ar Inniúlacht Ghairmiúil i mBainistíocht Oibríochtaí Iompair ar Bhóithre.



Bill McCamley

Ceapadh Bill McCamley ar Bhord CIÉ a chéaduair i mí na Nollag 1997 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977. Thosaigh Bill ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1974 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Bhí raon post aige ina cheardchumann, SIPTU, lena n-áirítear comhaltas de na Coistí Réigiúnacha, Rannáin agus Craoibhe. Is comhalta de Choiste na hEarnála Iompair agus de Choiste Dhúiche Bhaile Átha Cliath é faoi láthair. Rinne sé ionadaíocht dá cheardchumann ag roinnt comhdhálacha iompair Eorpacha agus bhí sé ina chomhalta de Mheitheal Oibre na Roinne Dlí agus Cirt um Fhoréigean Bus (1996). Scríobh Bill go fairsing faoi shaincheisteanna iompair agus ceardchumainn, lena n-áirítear leabhar faoi stair oibreoirí tram Bhaile Átha Cliath.



Willie McDermott

Ceapadh Willie McDermott do Bhord CIÉ i mí na Nollag 2009 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh Willie ag oibriú le Bus Átha Cliath sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Bhaile Phib mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU agus déanann sé ionadaíocht d'oibrithe bus.



Aebhric McGibney

Ceapadh Aebhric McGibney ar Bhord CIÉ i mí Dheireadh Fómhair 2011. Stiúirthóir Beartais agus Cumarsáide é i gComhlachas Tráchtála Bhaile Átha Cliath, áit a bhfuil freagracht air as cúrsaí Rialtais agus cúrsaí idirnáisiúnta, caidreamh poiblí agus cumarsáid na mball. Bhí sé ina léachtóir, ina chomhairleach eacnamaíochta agus ina Eacnamaí Sinsir le IBEC roimhe seo. Tá MLitt aige. Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Bronnadh Gradam Liosta an Déin air sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath as a MBA in 2001.

Eolas faoi Bhord Chóras Iompair Éireann (ar lean)



Frances Meenan

Abhcóide cleachtach í Frances Meenan a phléann den chuid is mó leis an dlí i leith cúrsaí fostaíochta agus caidreamh tionsclaíoch san uile leibhéal, is é sin le rá, roimh na fóraim fostaíochta agus na cúirteanna uile. Tá taithí aici ag comhdhálacha idir-réitigh ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais i dtaca le réiteach díospóidí trádála. Idirghabhálaí í ag a bhfuil creidiúnú CEDR. Bhí baint aici le roinnt idirghabhálacha tráchtála ar na mallaibh freisin. Lena chois sin, is ball í den Institute of Arbitrators agus thug sí comhairle don Choimisiún Eorpach i dtaca le dlí an idirdhealaithe. Ceapadh Frances ar Bhord CIÉ i mí Iúil 2012.



John Moloney

Ceapadh John Moloney ar Bhord CIÉ i mí na Nollag 2005 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 go 2001. Thosaigh John ag oibriú le Bus Éireann sa bhliain 1978 agus oibríonn sé i nGaráiste Thobar an Chaipín i gCorcaigh mar thiománaí bus. Tá sé ina bhall de NBRU.



Oibríonn Grúpa CIÉ
chun a chinntiú
go n-imríonn sé
ról gníomhach i
dtacú le pobail agus
i mbeartais maidir
le dea-shaoránacht
chorparáideach a
shaothrú.

Ráiteas ar Rialachas Corparáideach

Leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit prionsabail an rialachais corparáidigh a gcaithfidh Comhlachtaí Stáit cloí leo. Tacaíonn Córas Iompair Éireann le prionsabail agus le forálacha an Chóid Chleachtais.

An Bord

Cuimsíonn an Bord dháréag comhaltaí atá ceaptha ag an Rialtas. Tá ceathrar comhaltaí oibrí sa dháréag sin atá ceaptha ag an Rialtas ar feadh téarma ceithre bliana i ndiaidh toghchán i measc fhoireann an Ghrúpa.

Buaileann an Bord le chéile gach mí agus ar ócáidí eile faoi mar is cúí. Tá sceideal foirmiúil ábhar aige atá coimeáda go speisialta dá athbhreithniú, lena n-áirítear formheas a dhéanamh ar na ráiteas airgeadais bliantúil, buiséid, an plean corparáideach, éadálacha agus diúscairtí suntasacha, infheistíochtaí, caiteachas caipitil suntasach, ceapacháin an lucht ardbhainistíochta agus mórbheartais an Ghrúpa. Tá próiseas cuimsitheach ag an nGrúpa chun faisnéis bhainistíochta a thuairisciú don Bhard ar bhonn míosúil.

Tá rochtain ag gach comhalta Boird ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnaí an Ghrúpa.

Coistí an Bhoird

Cuirtear coistí ar bun chun cuidiú leis an mBord a chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Cuimsíonn na coistí Coiste Iniúchóireachta (feic thíos), Coiste Airgeadais agus Riosca (feic thíos), Coiste Sábháilteachta, Coiste Luach Saothair agus Coiste Straitéise. Tá a gcuid comhaltaí liostaithe ar leathanaigh 18 agus 19.

An Coiste Iniúchóireachta

Tá téarmaí tagartha i scríbhinn ag an gCoiste Iniúchóireachta agus tá suas le ceathrar comhaltaí neamhfheidhmiúcháin Boird air. Tháinig an Coiste le chéile 10 n-uaire in 2012.

Áirítear le príomhdhualgais an Choiste Iniúchóireachta maoirseacht a dhéanamh ar chaidreamh an Ghrúpa leis an iniúchóir seachtrach, lena n-áirítear breithniú a dhéanamh ar cheapadh agus ar fheidhmíocht an iniúcháora sheachtraigh, táillí iniúchóireachta, agus aon cheist a bhaineann le neamhspleáchas, le héirí as nó le dífhostú. Déanann an Coiste Iniúchóireachta plé leis an iniúchóir seachtrach faoi chineál agus raon an iniúchta

agus faoi na torthaí. Déanann an Coiste monatóireacht freisin ar shláine na ráiteas airgeadais arna n-ullmhú ag an nGrúpa.

Anuas air sin, leanann an Coiste Iniúchóireachta air i mbun athbhreithniú ar éifeachtacht rialuithe inmheánacha agus chórais bhainistíochta riosca an Ghrúpa trí bhualadh ó am go chéile le lucht ardbhainistíochta an Ghrúpa agus le Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí. Chomh maith leis sin, formheasann an Coiste Iniúchóireachta cláir oibre na hIniúchóireachta Inmheánaí don Ghrúpa agus déanann sé machnamh ar thorthaí na n-iniúchtaí inmheánacha éagsúla ar tugadh fúthu agus ar na himpleachtaí a bhaineann leo.

Ceapadh na hiniúchóirí seachtracha, PricewaterhouseCoopers, don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2010 ar feadh tréimhse trí bliana. Dá bhrí sin, mhol an Coiste Iniúchóireachta don Bhard gur cheart iad a athcheapadh go foirmiúil don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012. Ní raibh aon cheangaltas chonartha a ghníomhaigh leis an gCoiste Iniúchóireachta a shrianadh agus an moladh seo á dhéanamh. De bhreis ar na seirbhísí iniúchóireachta a chuireann PricewaterhouseCoopers ar fáil, chuir an gnólacht seirbhísí gairmiúla neamh-iniúchóireachta ar fáil don Ghrúpa in 2012 ar bh ionann a luach agus €317k. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na caidrimh go léir idir an Grúpa agus an gnólacht iniúchóireachta seachtraí, ní mheasann an Coiste Iniúchóireachta go dtéann cineál ná fairsinge na hoibre breise a dtugtar fúithi i bhfeidhm ar bhreithiúnas ná ar neamhspleáchas na n-iniúchóirí.

Tá rochtain iomlán neamshrianta ag na hiniúchóirí seachtracha agus ag Ceann na hIniúchóireachta Inmheánaí ar an gCoiste Iniúchóireachta. Freastalaíonn na hiniúchóirí seachtracha ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta agus buaileann siad leis an gCoiste gach bliain gan an lucht bainistíochta i láthair chun a chinntiú nach bhfuil aon ábhar imní ann nár pléadh roimhe sin.

An Coiste Airgeadais agus Riosca

Tá ceathrar comhaltaí Boird ar an gCoiste Airgeadais agus Riosca agus tá téarmaí tagartha i scríbhinn aige. Áirítear sa phróiseas ina bhfeidhmíonn an coiste bualadh le Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa agus leis an lucht ardbhainistíochta ó na fochuideachtaí gach mí chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhaoiniú chlár caipitil an Ghrúpa, an tús áite a thugtar do thograí caiteachas caipitil an bhfochuideachtaí, buiséid bhliantúla caipitil agus oibriúcháin agus beartais cistíochta, soláthair agus diúscairt an Ghrúpa. Déanann an coiste athbhreithniú chomh maith ar straitéisí árachais agus airgeadais an Ghrúpa. Tá sé freagrach freisin as a chinntiú go gceadaíonn córais faisnéis bhainistíochta an Ghrúpa cur i bhfeidhm éifeachtach straitéisí airgeadais an Bhoird.

Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

Tá freagracht iomlán ag an mBord as córais an Ghrúpa i leith rialú inmheánach airgeadais. Ní féidir leis na córais seo ach dearbhú réasúnach, seachas deimhniú iomlán, a thabhairt in aghaidh míráiteas nó cailteanas ábhartha.

Áirítear a leanas le córais iomlána rialaithe an Ghrúpa:

- Struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir lena ngabhann teorainneacha údarais i scríbhinn, leithscaradh feiliúnach dualgas agus modhanna tuairiscithe do leibhéal níos airde den lucht bainistíochta, do bhoird na bhfochuideachtaí, do Choistí Boird agus don Bhord. Coimeádtar beartais mhionsonraithe ar phríomhréimsí atá i mbaol airgeadais lena n-áirítear riosca cistíochta.
- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus pleanála ina gcuirtear an fheidhmíocht iarbhrí i gcomparáid leis an mbuiséad a formheasadh roimh ré ag deireadh gach tréimhse airgeadais agus ina ndéantar imscrúdú ar aon treochtaí nó éagsúlachtaí suntasacha. Scaiptear na tuarascálacha seo ar an mBord ar bhonn míosúil le haghaidh athbhreithniú.
- Bunú treoirilínte soiléire chun caiteachas caipitil a fhorghnó agus a rialú. Ina measc seo áirítear ullmhú na mbuiséad bliantúil caipitil a fhorghnó an Bord i gcomhairle leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, agus staidéir mhionsonraithe indéantachta agus measúnaithe ar thionscadail shuntasacha chaipitil ar bhonn aonair sula bhformheasann an leibhéal oiriúnach údarais iad (lena n-áirítear an tÚdarás Náisiúnta Iompair agus an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt le haghaidh tionscadail níos mó). Maidir le mórthionscadail chaipitil, ullmhaítear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn don lucht bainistíochta agus do bhord na fochuideachta ábhartha. Tá sé riachtanach páipéar foirmiúil socraíochta a chomhlíonadh i gcomhair na dtionscadal suntasach caipitil uile.
- Laistigh d'Iarnród Éireann, déanann an Grúpa Comhairleach Bonneagair, ina bhfuil stiúthóirí agus lucht ardbhainistíochta Iarnróid Éireann, athbhreithniú míosúil ar thograí tionscadail agus próisis tairisceana agus mheasúnaithe a nglactar leo agus ar dhul chun cinn ar mhórtionscadail chaipitil i gcomparáid le hamchláir tionscadail agus buiséid.

Déanann Iníúchóireacht Inmheánach an Ghrúpa, a bhfuil ról sa Ghrúpa ar fad acu, athbhreithniú córasach ar rialuithe inmheánacha. Sna hathbhreithnithe seo, leagann Iníúchóireacht Inmheánach béim ar réimsí atá níos mó i mbaol faoi mar a shaináithin a gcreatlach anailíse riosca. Sainmhíonann cairt arna formheas ag an mBord ról agus freagrachtaí Rannóg na hIníúchóireachta

Inmheánaí. Tuairiscíonn iniúcháir inmheánach an Ghrúpa go foirmiúil don Choiste Iníúchóireachta.

Tá athbhreithniú déanta ag an mBord, tríd an gCoiste Iníúchóireachta, ar éifeachtacht na gcóras um rialú inmheánach airgeadais trí na bearta seo a leanas:

- Athbhreithniú ar chlár an iniúchta inmheánaigh (arna ullmhú tar éis a bpróisis um measúnú riosca iniúchta) agus breithniú ar a gcuid mórtorthaí.
- Breithniú ar mhórtorthaí aon imscrúduithe inmheánacha.
- Athbhreithniú ar thuarascáil an iniúchóra sheachtraigh, ina bhfuil sonraí ar aon cheisteanna rialaithe ábhartha a saináithníodh mar thoradh ar a n-iníúchadh ar na ráitis airgeadais.

Tá próiseas um Bainistíocht Riosca Uilefhiontair (EWRM) i bhfeidhm le díriú ar impleachtaí na mór-rioscaí gnó, lena n-áirítear rioscaí airgeadais, oibríochtúla, straitéiseacha, guaise agus comhlíonta. Sholáthródh an próiseas seo an deimhniú go n-aithneofaí rioscaí ábhartha agus go rachfar i mbun na ngníomhartha oiriúnacha. Tá cláir rioscaí doiciméadaithe i bhfeidhm.

Luach Saothair na gComhaltaí Boird

Cinneann an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt luach saothair na gcomhaltaí Boird maidir lena ndualgais mar chomhaltaí Boird. Ní fhaigheann siad pinsin as a ndualgais mar chomhaltaí Boird.

Íoctar luach saothair chomh maith le comhaltaí Boird a ceapadh faoin Acht um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 de réir a gconarthaí fostaíochta.

Tinreamh ag Cruinnithe Boird/Coiste

Seo thíos liosta de thinreamh na gcomhaltaí Boird ag cruinnithe Boird/Coiste a tionóladh i rith 2012.

Comhalta Boird	Bord CIÉ	An Coiste Airgeadais	An Coiste Iniúchóirreachta	An Coiste Luach Saothair	An Coiste Sábháilteachta
Vivienne Jupp	11/12			2/2	
Kevin Bonner	10/12	6/7			
Mick Cullen	8/8				
P.J. Drudy	5/6		4/4		
Phil Gaffney	9/12		8/8	2/2	2/2
Helen Keelan	11/12		10/10		
Dermot Killen	3/4	4/4	2/2		1/1
Paul Mallee	7/12	9/10			
Frances Meenan	5/6	2/2			1/1
Bill McCamley	12/12				
Willie McDermott	12/12				
Aebhric McGibney	10/12	9/9			
John Moloney	10/12				

De bhreis ar an méid thuas, bhí an tUasal Gaffney páirteach i gcruinniú Bhord CIÉ amháin ar an teileafón, bhí an tUasal Keelan páirteach i gcruinniú Bhord CIÉ amháin ar an teileafón agus bhí an tUasal Mallee páirteach i gceithre chruinniú Bhord CIÉ ar an teileafón. Níor cuireadh san áireamh sa chóram iad chun críocha na gcruinnithe sin.

Gnóthas Leantach

Tá na comhaltaí Boird sásta go mbeidh dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann i bhfad. Dá bhrí sin, leanann siad orthu ag glacadh le bunús 'an ghnóthais leantaigh' i leith ullmhú na gcuntas.

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp Cathaoirleach
Helen Keelan Comhalta Boird

26 Aibreán 2013

Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird

Cinneann an tAcht Iompair, 1950 agus leasuithe ina dhiaidh na freagrachtaí atá ar chomhaltaí Bhoird Chóras Iompair Éireann. Éilíonn an reachtaíocht seo ar chomhaltaí an Bhoird a chinntiú go n-ullmhaítear ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais a thugann, de réir dhlí infheidhme na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta, léargas firinneach cóir ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus ar bharrachas nó ar easnamh an Ghrúpa don tréimhse sin.

In ullmhú na ráiteas airgeadais dóibh, ceanglaítear ar chomhaltaí an Bhoird na nithe seo a leanas a chinntiú:

- go roghnaítear beartais oiriúnacha chuntasaíochta agus go gcuirtear chun feidhme iad go comhsheasmhach.
- go bhfuil aon bhreithiúnais nó meastacháin a dhéantar réasúnach agus stuama.
- go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí a thiomhdiú go leanfaidh an Grúpa ar aghaidh ag feidhmiú.

Tá comhaltaí an Bhoird freagrach as a chinntiú go gcoimeádtar taifid chuntasaíochta chuí a nochtann le cruinneas réasúnta ag aon am staid airgeadais an Ghrúpa agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais ceanglais an Achta Iompair, 1950 agus na rialacháin uile a fhorléireofar mar aon ní amháin leis an Acht.

Tá siad freagrach chomh maith as na céimeanna atá ar fáil dóibh go réasúnta a thógáil chun sócmhainní an Ghrúpa a chosaint agus chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Is iad na bearta a thóg an Bord d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonfaí a oibleagáidí chun leabhair chuntas iomchuí a choimeád, córais agus nósanna imeachta feiliúnacha a úsáid agus daoine inniúla a fhostú. Coimeádtar na leabhair chuntas i Stáisiún Heuston, Baile Átha Cliath 8.

Cinneann an tAcht Iompair (Córas Iompair Éireann a Atheagrú), 1986 agus dlí infheidhmithe cuideachta freagrachtaí na stiúrthóirí ar fhochuideachtaí an Ghrúpa.

Tuarascáil an Iniúcháir Neamhspleách chuig an Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt

Mar iniúcháirí a cheap Córas Iompair Éireann faoi Alt 34(2) den Acht Iompair, 1950, rinneamar iniúchadh, le do thoiliú, ar na ráitis airgeadais de chuid Chóras Iompair Éireann don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012. San áireamh sna ráitis airgeadais seo tá Cuntas Brabúis agus Cailteanais an Ghrúpa, Cláir Chomhardaithe an Ghrúpa agus na Cuideachta, Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Ghrúpa, Ráiteas ar Ghnóthachain agus Cailteanais Aitheanta Iomlána an Ghrúpa, Réiteach Gluaiseachtaí i gCúlchistí an Ghrúpa agus na Cuideachta, na Beartais Chuntasaíochta agus na nótaí gaolmhara. Is é an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm ina n-ullmhú ná dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta arna n-eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna bhfógairt ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn).

Freagrachtaí na gcomhaltaí Boird agus na n-iniúcháirí faoi seach

Mar atá mínithe ar bhealach níos iomláine sa 'Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Bhoird' atá leagtha amach ar leathanach 28, tá comhaltaí an Bhoird freagrach as ráitis airgeadais a ullmhú ina dtugtar léargas fírinneach cóir. Is é an fhreagracht atá orainn na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl fúthu de réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaíonn na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Éiticiúla d'Iniúcháirí ón mBord um Chleachtas Iniúcháireachta.

Ullmhaíodh an tuarascáil seo, na tuairimí san áireamh, don Aire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt amháin de réir Alt 34(2)(a) den Acht Iompair, 1950 agus ní ar chúis ar bith eile. Ní ghlacaimid, agus sinn ag léiriú na dtuairimí seo, freagracht as aon chuspóir eile ná d'aon duine eile a dtaispeántar nó a dtugtar an tuarascáil seo dóibh ach amháin má thugaimid ár dtoilíú roimh ré i scríbhinn.

Raon an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Is éard atá i gceist in iniúchadh ná fianaise a fháil ar na méideanna agus an nochtadh sna ráitis airgeadais atá dóthanach le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Áirítear measúnú leis seo ar na nithe seo a leanas: cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chás an Ghrúpa agus na cuideachta agus an raibh, nó nach raibh, siad curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nocht go cuí; réasúnacht na meastachán suntasach chuntasaíochta arna ndéanamh ag comhaltaí an Bhoird; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Anuas air sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad sa Tuarascáil Bhliantúil chun ábhair neamhréireacha ábhartha sna ráitis airgeadais iniúchta a shainiú. Má chuirtear ar an eolas sinn go bhfuil aon mhíráiteas follasach nó aon ábhar neamhréireach sna ráitis airgeadais, déanfaimid breithniú ar na himpleachtaí a bheadh i ndán dár dtuarascáil.

Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Is é ár dtuairim go dtugann na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, ar staid chúrsaí an Ghrúpa agus na Cuideachta amháin an 31 Nollaig 2012 agus ar bhrabús agus sreafaí airgid an Ghrúpa don bhliain sin.

Tuairim faoi shaincheisteanna eile

- Fuair eamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a shílimid a theastaigh uainn inár n-iniúchadh.
- Is é ár dtuairim é gur choimeád an chuideachta leabhair chuntas iomchuí.
- Tá clár comhardaithe na Cuideachta i gcomhréir leis na leabhair chuntas.

Ábhair a cheanglaítear orainn a thuirisciú de réir eisceachta

Níl aon ní le tuairisciú againn maidir leis na nithe seo a leanas:

Faoin gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (“an Cód”), ceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt duit mura bhfuil an ráiteas maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais a cheanglaítear faoin gCód mar atá curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialachas Corparáideach ó leathanach 25 go leathanach 27 ag léiriú gur chomhlíon an Grúpa alt 13.1 (iii) den Chód nó mura bhfuil sé i gcomhréir le faisnéis ar a bhfuil eolas againn ónár gcuid obair iniúchta faoi na ráitis airgeadais.

PricewaterhouseCoopers

Cuntasóirí Cairte agus Iniúchóirí Cláraithe

Baile Átha Cliath

26 Aibreán 2013

- Tá an Bord freagrach as cothabháil agus sláine shuíomh gréasáin Chóras Iompair Éireann; níl breithniú na n-ábhar sin san áireamh san obair a dhéanann na hiniúchóirí agus, dá réir sin, ní ghlacann na hiniúchóirí le haon fhreagracht as aon athruithe féideartha ar na ráitis airgeadais ó cuireadh ar an suíomh gréasáin iad i dtús báire.
- D’fhéadfadh an reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn réiteach agus scaipeadh ráiteas airgeadais a bheith difriúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile.

Príomhbheartais Chuntasaíochta

Mar seo a leanas iad na beartais thábhachtacha chuntasaíochta agus na teicnící meastacháin arna nglacadh ag an nGrúpa:

(A) Bunús an Ullmhúcháin

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn agus reacht Éireannach ina gcuimsítear an tAcht Iompair, 1950. Is iad na caighdeáin chuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn a úsáidtear in ullmhú ráiteas airgeadais a thugann léargas fírinneach cóir agus na caighdeáin a eisíonn Bord na gCaighdeán Cuntasaíochta agus a fhoilsíonn Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil.

(B) Bunús an Chomhdhlúthaithe

Is comhdhlúthú de ráitis airgeadais Chóras Iompair Éireann agus a gcuid fochuideachtaí iad ráitis airgeadais an Ghrúpa:

Iarnród Éireann - Irish Rail

Bus Éireann - Irish Bus

Bus Átha Cliath - Dublin Bus

Glactar le CIE Tours International Incorporated mar bhrainse de Chóras Iompair Éireann chun críocha cuntasaíochta.

(C) Ioncam

Cuimsíonn ioncam oll-luach na seirbhísí a sholáthraítear.

(D) Sócmhainní Inláimhsithe agus Dímheas

Is iad seo a leanas bunúis ríomha an dímheasa:

(i) Línte agus oibreacha iarnróid

Tá gréasán córas i gceist le línte agus oibreacha iarnróid. Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán atá ann cheana,

a chothaíonn an cumas oibriúcháin de réir caighdeáin shainmhínte seirbhíse, mar bhreis ar shócmhainní seasta inláimhsithe agus áirítear é ar a chostas i ndiaidh deontais a bhaint.

Is ionann an muirear dímheasa d'oibreacha agus línte iarnróid atá ann cheana agus leibhéal measta an chaiteachais bhliantúil atá riachtanach chun cumas oibriúcháin an ghréasáin a choinneáil atá bunaithe ar phlean bainistíochta sócmhainní Iarnród Éireann - Irish Rail.

Meastar gurb ionann caiteachas ar an ngréasán, a mhéadaíonn a thuilleadh nó a fheabhsaíonn a chumas oibriúcháin, agus breis ar shócmhainní seasta inláimhsithe ar a chostas agus dímheastar é ar feadh a shaolré fóna.

(ii) Rothstoc iarnróid

Déantar dímheas ar innill traenach (seachas iad sin a dhímheastar go hiomlán nó a gnóthaíodh gan costas a íoc), trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn a gcostas stairiúil a leatar thar a saolréanna fóna measta.

Déantar dímheas ar rálcharranna, ar stoc cóistí agus ar vaigíní chomh maith, trí thráthchodanna bliantúla cothroma, ar bhonn costas stairiúil a leatar thar a saolréanna fóna measta.

(iii) Feithiclí paisinéirí bóthair

Déantar dímheas ar chostais stairiúla na bhfeithiclí paisinéirí bóthair seachas busanna scoile thar a saolréanna fóna measta ar bhonn céatadán laghdaithe a léiríonn úsáid na bhfeithiclí ar feadh a saoil. Déantar dímheas ar chostais stairiúla na mbusanna scoile i dtráthchodanna bliantúla cothroma thar a saolréanna fóna measta.

(iv) Feithiclí lasta bóthair

Déantar dímheas ar na sócmhainní seo ar bhonn costais stairiúla a leatar thar a saolréanna fóna measta trí úsáid a bhaint as modh shuim na ndigití.

(v) Dugaí, calafoirt agus calaí; gléasra agus innealra; trealamh seirbhísí lónadóireachta

Déantar dímheas ar na haicmí sócmhainne thuas, trí thráthchodanna bliantúla cothro- ma, ar bhonn costais stairiúla a leatar thar a saolréanna fóna measta.

(vi) Talamh agus foirgnimh

Déantar dímheas ar fhoirgnimh, trí thráthchodanna bliantúla cothro- ma, ar bhonn costais stairiúla a leatar thar shaolré de chaoga bliain. Áirítear luach de réir leabhar na talún agus na bhfoirgneamh atá ar díol agus ar cosúil go ndiúscrófar iad sa dhá mhí dhéag atá le teacht sna sócmhainní reatha de réir mar is cuí.

(E) Sócmhainní ar Léas

(i) Léasanna airgeadais

Tugtar cuntas ar shócmhainní a choimeádtar faoi léasanna airgeadais de réir SSAP 21 (Ag Tabhairt Cuntais ar Léasanna agus Conarthaí Fruilcheannaigh). Tá costais chaipítíl na sócmhainní sin san áireamh le sócmhainní inláimhsithe agus déantar iad a dhímheas thar an tréimhse is giorra de théarma an léasa nó thar shaolré fóna measta na sócmhainne. Áirítear gnéithe caipitiúla na n-oibleagáidí léasa gan íoc i gcreidiúnaithe. Gearrtar muirir airgeadais ar an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais thar phríomhthréimhse an léasa.

(ii) Léasanna oibriúcháin

Gearrtar íocaíochtaí cíosa faoi léasanna oibriúcháin ar an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais de réir mar a thabhaítear iad.

(F) Stoic

Déantar luacháil ar stoic ábhar agus ar pháirteanna spártha ag a meánchostas nó ag a nglanluach inréadaithe, cibé acu is lú.

Díscríobhtar stoic arb eol go bhfuil siad imithe i léig ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar soláthar i leith stoc a d'fhéadfadh dul in éag amach anseo.

(G) Deontais an Aontais Eorpaigh agus Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus deontais eile Státchiste

(i) Deontais do línte agus oibreacha iarnróid atá ann cheana

Baintear deontais a fhaightear d'oibreacha agus línte iarnróid atá ann cheana ó chostais na sócmhainní gaolmhara.

Níl an beartas seo de réir Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 a éilíonn go léirítear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas agus deontais agus ranníocaíochtaí mar ioncam iarchurtha dá réir. Is riachtanach an t-imeacht seo ó cheanglais Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1986 i dtuairim an Bhoird, chun go dtaispeánfaidh na ráitis airgeadais léargas fírinneach cóir toisc nach bhfuil saolta inchinntithe ag na hoibreacha agus línte iarnróid seo agus, dá bhrí sin, níl aon bhunús ann ina bhféadfaí deontais agus ranníocaíochtaí agus ioncam iarchurtha a shainaithint.

(ii) Deontais do chaiteachas caipítíl eile

Déantar deontais do chaiteachas caipítíl eile a chur chun sochair ioncam iarchurtha de réir mar a bhíonn siad infhála. Déantar iad a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais ar an mbonn céanna agus a dhéantar na sócmhainní gaolmhara a dhímheas.

(iii) Deontais ioncaim

Tugtar deontais ioncaim chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais sa bhliain ina mbíonn siad infhála.

(iv) Deontais infheistíochta sábháilteachta

Déantar deontais infheistíochta sábháilteachta a amúchadh chuig an gcuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais trí thagairt don Chlár Infheistíochta Sábháilteachta.

(H) Airgeadra Eachtrach

Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta a bhíonn i mbun rialú ag dáta an idirbhirt, nó ag rátaí conartha nuair a bhíonn na méideanna iníoctha nó infhála clúdaithe ag réamhchonarthaí.

Glactar le cailteanais nó gnóthachain mhalartaithe réadaithe ar idirbhearta a socraíodh i gcaitheamh na bliana mar chuid den bharrachas nó den easnamh don bhliain ó ghnáthghníomhaíochtaí.

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ar an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe nó ag rátaí conartha nuair is infheidhme.

Aistrítear iasachtaí fadtéarmacha airgeadra eachtraigh, lena n-áirítear an chuid sin a bhíonn iníoctha laistigh de bhliain amháin de dháta an chláir chomhordaithe, ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhordaithe (rátaí deiridh) agus na gnóthachain nó na cailteanais a leanann astu sin san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais.

(I) Pinsin

Tomhaistear sócmhainní na scéime pinsin le sochar sainithe ag luach cóir. Tomhaistear dliteanais na scéime pinsin le sochar sainithe ar bhonn achtúireach agus leas á bhaint as modh an aonaid réamh-mheasta chreidmheasa. Léirítear farasbarr na ndlíteanas scéime thar shócmhainní scéime sa chlár comhardaithe mar dhlíteanas. Tá an costas reatha seirbhíse agus costais seirbhíse roimhe seo sa mhuirear pinsin a ghearrtar ar bhrabús oibriúcháin. Cuirtear farasbarr an toraidh ionchais ar shócmhainní scéime thar an gcostas úis ar na dliteanais scéime i láthair sa chuntas brabúis agus cailteanais mar ioncam eile airgeadais. Léirítear gnóthachain agus cailteanais achtúireacha a eascraíonn as na hathruithe ar thoimhdí achtúireacha agus as barrachas agus easnamh ó thaithí sa ráiteas ar ghnóthachain agus cailteanais aitheanta iomlána don bhliain ina dtarlaíonn siad.

(J) Costais Bhonneagar Iarnróid

De réir Threoir 91/440 ó Chomhairle an AE, éilítear ar Iarnród Éireann - Irish Rail a chinntiú go gcoimeádtar na cuntais do ghnó na seirbhísí iompair agus iad sin do ghnó bhainistíocht an bhonneagair iarnróid ar leithligh. Cinntear na costais bhonneagair de réir Iarscríbhinn 1.A. de Rialachán an AE, Uimh. 2598/70.

An bhliain dar críoch an 31 Nollaig	Nótaí	2012	2011
		€000	€000
Ioncam	2	724,946	707,860
Costais			
Párolla agus costais ghaolmhara	4	(521,508)	(542,397)
Ábhair agus seirbhísí	5	(405,913)	(405,267)
Dímheas	6	(58,713)	(56,523)
Costais oibriúcháin eisceachtúla	7	(34,230)	(1,728)
Costais oibriúcháin iomlána		(1,020,364)	(1,005,915)
Easnamh roimh bhrabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe, ús agus deontais/Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí		(295,418)	(298,055)
Brabús ar dhiúscairt sócmhainní inláimhsithe	8	21,689	22,301
Easnamh roimh ús agus deontais/Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí		(273,729)	(275,754)
Ús infhála		590	1,054
Ús iníoctha			
Oibríoch	9	(73)	(56)
Gnóthas Iarnróid	9	(1,839)	(1,964)
Bonneagar Iarnróid	9	(990)	(1,139)
Costas eile airgeadais	23	(5,070)	(8,000)
Easnamh don bhliain roimh dheontais/Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí		(281,111)	(285,859)
Oibleagáidí Seirbhíse Poiblí agus deontais eile an Státhchiste	10	292,779	279,716
Barrachas/Easnamh don bhliain		11,668	(6,143)

Léirítear gluaiseachtaí sna cúlchistí i Nóta 21 leis na ráitis airgeadais.

Baineann na figiúirí go léir le gníomhaíochtaí leantacha an Ghrúpa.

Thar ceann an bhoird

Vivienne Jupp, Cathaoirleach

Helen Keelan, Comhalta Boird



An bhliain dar críoch an 31 Nollaig	Nótaí	2012	2011
		€000	€000
Barrachas/(easnamh) don bhliain		11,668	(6,143)
Gnóthachan/(cailteanas) achtúireach maidir le scéimeanna pinsin	23	(351,437)	184,400
Gnóthachan/(cailteanas) aitheanta iomlán don bhliain		(339,769)	178,257

Amhail an 31 Nollaig	Nótaí	2012	2011
		€000	€000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inláimhsithe	12	2,793,367	2,908,443
Sócmhainní airgeadais	13	20	20
		2,793,387	2,908,463
Sócmhainní reatha			
Stoic	14	57,812	58,671
Féichiúnaithe	15	59,463	51,868
Airgead sa bhanc agus ar láimh		11,019	3,577
		128,294	114,116
Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	16	(515,565)	(508,210)
Glandliteanais reatha		(387,271)	(394,094)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		2,406,116	2,514,369
Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	17	(7,250)	(11,917)
Soláthar do dhliteanais agus do mhuirir	19	(165,710)	(177,776)
Oibleagáid sochar scoir	23	(491,854)	(159,200)
Ioncam iarchurtha	20	(2,103,148)	(2,187,553)
		(361,846)	(22,077)
Arna maoiniú acu seo a leanas:			
Cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas Brabúis agus Cailteanais	21	(402,913)	(63,144)
Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha		12,511	12,511
	21	(361,846)	(22,077)

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp, Cathaoirleach
Helen Keelan, Comhalta Boid

Amhail an 31 Nollaig	Nótaí	2012	2011
		€000	€000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní inlámhsithe	12	797,918	800,986
Sócmhainní airgeadais	13	305,203	309,608
		1,103,121	1,110,594
Sócmhainní reatha			
Féichiúnaithe	15	7,468	8,518
Airgead sa bhanc agus ar láimh		8,463	2,112
		15,931	10,630
Creidiúnaithe (suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	16	(235,037)	(256,895)
Glandlíteanais reatha		(219,106)	(246,265)
Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha		884,015	864,329
Creidiúnaithe (méideanna dlite i ndiaidh níos mó ná bliain amháin)	17	(7,250)	(11,917)
Ioncam iarchurtha	20	(565,680)	(566,734)
		311,085	285,678
Arna maoiniú acu seo a leanas:			
Cúlchistí			
Cúlchiste caipitil		28,556	28,556
Cuntas Brabúis agus Cailteanais	21	270,018	244,611
Airleacain Stáit neamh-inaisíoctha		12,511	12,511
	21	311,085	285,678

Thar ceann an Bhoird

Vivienne Jupp, Cathaoirleach
Helen Keelan, Comhalta Boird

Amhail an 31 Nollaig	Nótaí	2012	2011
		€000	€000
Glan-insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	22(A)	12,200	(23,614)
Toradh ar infheistíochtaí, fónamh a dhéanamh ar airgeadas agus ioncam eile airgeadais	22(B)	(2,312)	(2,105)
Caiteachas caipitil agus infheistíocht airgeadais	22(B)	(23,564)	(31,404)
Eis-sreabhadh airgid roimh úsáid acmhainní leachtacha agus maoiniú		(13,676)	(57,123)
Maoiniú - Méadú ar fhiach	22(B)	8,299	51,516
Laghdú ar airgead sa bhliain		(5,377)	(5,607)
Réiteach glansreafa airgid go gluaiseacht i nglanfhiach (nóta 22c)			
Laghdú ar airgead sa bhliain		(5,377)	(5,607)
Gluaiseacht airgid ó mhéadú ar mhaoiniú léasa agus féich		(8,299)	(51,516)
Athrú ar ghlanfhiach mar thoradh ar shreafaí airgid		(13,676)	(57,123)
Gluaiseacht i nglanfhiach sa bhliain		(13,676)	(57,123)
Glanfhiach amhail an 1 Eanáir		(74,225)	(17,102)
Glanfhiach amhail an 31 Nollaig		(87,901)	(74,225)

1. Gnóthas Leantach

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh, rud a thugann le fios go go mbeidh an Grúpa ábalta leanúint ar aghaidh i mbun feidhme go ceann i bhfad.

Nuair a bhí na ráitis airgeadais do 2011 á síniú i mí na Samhna 2012, bhí roinnt rioscaí agus neamhchinnteachtaí os comhair an Ghrúpa. Sháraigh an Grúpa na háiseanna iasachtaíochta a bhí ar fáil dó go luath in 2012. Íocadh an barrachas a bhuíochas le réamhiocáíochtaí na hOibleagáide Seirbhíse Poiblí. Ón dáta sin i leith, d'fhan an Grúpa laistigh dá áiseanna iasachtaíochta atá ann cheana. Cé gur tháinig an Bord ar an gconclúid go raibh sé iomchuí na ráitis airgeadais do 2011 a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, d'aithin sé go raibh roinnt neamhchinnteachtaí ann, lena n-áirítear neamhchinnteachtaí maidir le stádas maoinithe an Ghrúpa go háirithe, a bhí mar chúis leis an gconclúid go raibh neamhchinnteacht ábhartha ann ag an am sin.

Tráth a síníodh na ráitis airgeadais do 2011, bhí an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt tar éis a chur in iúl go gcuirfí maoiniú breise ar fáil don Ghrúpa i bhfoirm ach raibh cinnithe chun gníomhaíochtaí leanúnacha an Ghrúpa a mhaoiniú aníos leis an 31 Nollaig 2012. Ní dhearnadh cinneadh maidir le leagan amach ná le méid an mhaoinithe seo faoin am sin, ach chuir an tAire Iompair, Turasóireachta agus Spóirt litir thacaíochta ar fáil don Ghrúpa dar dáta an 30 Lúnasa 2012. Ina dhiaidh sin, chuir an Roinn maoiniú breise fóirdheontais dar luach €36 milliún ar fáil don Ghrúpa go mall in 2012 mar chuid den tacaíocht sin.

Tharla roinnt forbairtí suntasacha a mhaolaigh cuid de na neamhchinnteachtaí a bhí os comhair an Ghrúpa roimhe sin. Tá siad leagtha amach thíos:-

- Chuir an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt an €36 milliún i bhfóirdheontas breise ar fáil go mall in 2012;
- Dhíol an Grúpa a leas sa léas talún i nDuga Spencer, a ghin suim airgid €20 milliún i mí na Nollag 2012;
- Cuireadh an clár suntasach Téarfa Dheonaigh 2012 de chuid Iarnród Éireann i gcrích i mí na Nollag 2012 (a chur go mór leis an bplean iomlán coigilteas costais);
- Tar éis tréimhse fhadréiseach meatha de dheasca an gheilleagair bhunúsáigh, thosaigh ioncam agus líon paisinéirí ag cobhsú le roinnt míonna anuas;
- Rinne Grúpa CIÉ iarratas ar an Údarás Náisiúnta Iompair le haghaidh méadú tairlí ar fud a sheirbhísí go léir agus deonaíodh é;
- Athbhreithníodh plean cúig bliana agus réamhaisnéis airgid an Ghrúpa chun tionscnaimh bhainistíochta le costais a laghdú agus sreafaí airgid a bhainistiú a chur san áireamh. Áiríodh leis sin athbhreithnithe

chun athruithe ar phatrún na sreafaí airgid a chur san áireamh tar éis idirbheartaíochta leis an Údarás Náisiúnta Iompair agus leis an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt maidir le maoiniú deontais chaipitil. Anuas air sin, sainaitníodh roinnt bearta maolaithe freisin a chuirfear chun feidhme mura mbaintear na sreafaí airgid atá beartaithe ag an bplean 5 bliana amach;

- Rinneadh an-dul chun cinn ar an idirbheartaíocht le bainc an Ghrúpa maidir leis na háiseanna atá ar fáil don Ghrúpa a athmhaoiniú agus a mhéadú agus táthar ag coinne le toradh rathúil ar ball;
- Rinneadh áiseanna reatha €57 milliún a athnuachan go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2013 agus rinneadh €20 milliún a athnuachan go dtí an 31 Bealtaine 2013 chun cur ar chumas an Ghrúpa gníomhaíochtaí a mhaoiniú ar feitheamh an athmhaoiniú a tharraingt suas.

Mar sin féin, tá neamhchinnteachtaí ann go fóill, agus tá siad sin mionsonraithe thíos:

1. Bhí áiseanna reatha iasachtaíochta bainc an Ghrúpa (ar fiú €107 iad) le dul in éag ar dhátaí éagsúla idir mí Eanáir agus mí Dheireadh Fómhair 2013. D'fhormheas an Bord Litir Áise le déanaí ó cheann dá bhainc le haghaidh áiseanna tiomanta reatha a shíneadh go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2013, ar feitheamh athmhaoiniú iomlán iasachtaíocht an Ghrúpa a tharraingt suas. Tá an dara háis á síneadh ar bhonn míosúil freisin ar feitheamh tharraingt suas na n-áiseanna iomlána iasachtaíochta. Mar chuid de phlean cúig bliana CIÉ, shainaithin an Grúpa go bhfuil gá le háiseanna iomlána a mhéadú €53 milliún chun na háiseanna reatha iasachtaíochta a mhéadú ó €107 milliún go €160 milliún. Tá plé ar bun faoi láthair ag lucht bainistíochta an Ghrúpa lena maoinitheoirí i leith an athmhaoinithe seo. Chuir an Príomhshocraitheoir dréachtbhileog téarmaí ar fáil ina leagtar amach téarmaí táscaigh inghlactha don áis iomlán €160 milliún. Is táscaigh amháin atá an bhileog téarmaí seo agus ní hionann í agus tairiscint leis an áis a shocrú ná a mhaoiniú. Beidh soláthar na háise faoi réir fhormheas an choiste creidmheasa agus doiciméadúchán sásúil. Tá an lucht bainistíochta muiníneach gur féidir an idirbheartaíocht leis na bainc a thabhairt chun críche faoi mhí an Mheithimh 2013. Tá tráthúlacht tharraingt suas athmhaoiniú na n-áiseanna iasachtaíochta atá ann cheana ríthábhachtach maidir le measúnú foriomlán an lucht bainistíochta ar ghnóthas leantach.
2. Baineann ríthábhacht le baint amach an choigiltis, agus coigilteas párolla go háirithe, atá leagtha amach i bplean gnó 5 bliana an Ghrúpa. Tá toimhdí a úsáideadh chun an plean gnó a ullmhú suibiachtúil de réir a chineáil agus tá sé tábhachtach go ndéantar faireachán gear ar fheidhmíocht in aghaidh an plean le gur féidir bearta maolaithe, a shainaithin an lucht bainistíochta cheana, a chur i bhfeidhm más gá. Rinne

an lucht bainistíochta tástáil struis ar na meastacháin sreafa airgid agus tá faireachán a dhéanamh ar airgead ar bhonn laethúil agus seachtainiúil.

3. Tá an meath ar gheilleagar na hÉireann le blianta beaga anuas tar éis dul i gcion go holc ar fheidhmíocht airgeadais an Ghrúpa agus tá dúshlán á gcur os a choinne i rith an ama. Tá laghdú tagtha ar thurais paisinéirí agus tá laghdú tagtha ar an maoiniú Stáit do Clé de bharr laghdú ar Chaiteachas Poiblí an Rialtais trí chéile.

Cuirtear in iúl i réamh-mheastacháin reatha an lucht bainistíochta go dtabhóidh an Grúpa tuilleadh easnaimh airgid in 2013 agus in 2014, agus go mbainfidh sé brabús amach arís in 2015 agus ina dhiaidh sin le linn don Ghrúpa a phleananna athstruchtúrúitithe a chur chun feidhme.

Tar éis athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar phlean gnó an Ghrúpa, ar na buntoimhdí don tréimhse idir 2013 agus 2017 agus ar a bhuiséad don bhliain 2013, agus tar éis breithniú a dhéanamh ar na gníomhartha a rinne an lucht bainistíochta le roinnt míonna anuas, tá ionchas réasúnta ag na Comhaltaí Boird go gcinnteoidh gníomhartha a bheartaítear, mar aon le hathmhaoiniú an Ghrúpa, leis an tacaíocht leantach a thugann an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, leis an ioncam breise ó mhéaduithe ar tháillí agus le cur i bhfeidhm rathúil na mbeart laghdaithe costais, go mbeidh dóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh lena chuid oibríochtaí go ceann i bhfad.

Cé nach féidir a bheith cinnte go gcuirfear plé maoinithe leis na bainc i gcrích go rathúil, tá bainc an Ghrúpa tacúil go fóill, rud atá léirithe ag an síneadh ar na háiseanna atá ann cheana agus ag an bplé cuiditheach leanúnach atá ar siúl, lena n-áirítear soláthar na dréachtbhíleoige téarmaí agus ullmhú an mheabhráin faisnéise don athmhaoiniú. Rinneadh tacaíocht leanúnach na Roinne Iompair, Turasóireachta agus Spóirt a fhianú i litir thacaíochta dar dáta an 10 Aibreán freisin.

Sonraítear sa litir go bhfuil an Rialtas “ag leanúint uirthi ag déanamh faireacháin ar staid airgeadais Clé agus tá sí i dteagmháil leis an gcuideachta maidir leis na bearta atá riachtanach chun inbhuanaitheacht airgeadais Clé a chosaint.” Cé go sonraítear sa litir nach féidir aon rud atá sa litir a fhorléiriú mar ráthaíocht maidir le hoibleagáidí ná le dliteanais Clé, sonraítear inti freisin “go bhfuil sé mar bheartas an Rialtais go fóill go bhfuil gnó Clé in ann a chuid dliteanas a chomhlíonadh i gcónaí. Is scairshealbhóir aonair Clé é an Stát, agus féadaim dearbhú go leanfaidh an Stát ar aghaidh ag feidhmiú a cheart scairshealbhóra agus é mar chuspóir aige go ndéanfaidh Clé bainistiú ar a oibríochtaí ar bhealach a chuirfidh ar a chumas a chuid oibleagáidí uile a bhaint amach go tráthúil. Bheadh ar ghníomh ar bith de chuid an Stáit teacht le dlí an AE, áfach, lena n-áirítear rialacha Stáitchabhrach a d’fhéadfadh fógra agus formheas an Choimisiúin a iarraidh.”

Tar éis fiosrúcháin chuí a dhéanamh agus ag cur na neamhchinnteachtaí a shonraítear thuas san áireamh, tá na Comhaltaí Boird measartha dóchasach go gcuirfear áiseanna athnuaite agus sínithe ar fáil don Ghrúpa agus go dtabharfaidh an Rialtas tacaíocht do na bearta chun cobhsaíocht airgeadais a chinntiú. Ar na fáthanna sin, tháinig Comhaltaí an Bhoird ar an gconclúid nach léiríonn na rioscaí a gcuirtear síos orthu thuas neamhchinnteacht ábhartha a chuireann amhras faoi chumas an Ghrúpa leanúint mar ghnóthas leantach, agus ar an mbonn sin, bainfidh siad leas as bonn an ghnóthais leantaigh i rith an ama le haghaidh ullmhú na ráiteas airgeadais.

2. Brabús agus Cailteanas don Bhliain dar Críoch an 31 Nollaig

	Comh- dhlúthú FRS 17	CIÉ	Iarnród Éireann -Irish Rail	Bus Éireann -Irish Bus	Bus Átha Cliath -Dublin Bus	Iomlán 2012	Iomlán 2011
	€000	€000	€000	€000	€000	€000	€000
